



ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012



FEIDHMÍOCHT IAA 2012

**ÉIFEACHTÚLACHT GEATA GO GEATA
€366 SAN UAIR EITILTE;
AN MEÁN EORPACH €419**

**DÍBHINN GO
SCAIRSHEALBHÓIRÍ
I 2013 €5.0M**

**IONCAM
IDIRNÁISIÚNTA 75%**

**RÁTÁIL SÁSTACHTA
CUSTAIMÉIRÍ 91%**

**TÁILLÍ FAOI BHEALACH
2012 ↓ 8.9%
TÁILLÍ ATC AERFOIRT
2012 ↓ 21.0%**



TÁILLÍ FAOI BHEALACH AR NA TÁILLÍ IS ÍSLE SAN EORAIP I 2013

**NÍ FHAIGHEANN IAA
AON MHAOINIÚ STÁIT**

**INIÚCHADH MAOIRSEACHTA
SÁBHÁILTEACHTA ICAO SA 3ú
háIT SAN EORAIP**

**CÓRAS ATM COOPANS AE AN
GCÓRAS IS FORBARTHA SAN EORAIP**

**BRABÚS OIBRIÚCHÁIN
↑ 27.5% go €22.9M
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ
↑ 2.9% go €213.1M**

Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin	01
Stiúrthóirí agus faisnéis eile	03
Ráiteas an Chathaoirligh	05
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	08
Tuarascáil na Stiúrthóirí	16
Ráiteas faoi Chúraimí na Stiúrthóirí	22
Tuarascáil an Iniúcháirí Neamhspleách	23
Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta	25
Cuntas brabúis agus caillteanais	27
Ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais iomlána aitheanta	28
Clár Comhardaithe	29
Ráiteas faoi shreabhadh airgid	30
Nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais	31
Achoimre Cúig Bliana 2008-2012	48



ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA SAN ATLANTACH THUaidh





BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN

BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN

	2012 €'000	2011 €'000	% Athrú
Buaicphointí Airgeadais			
Láimhdeachas	175,010	179,036	-2.2%
Brabús Oibriúcháin	22,852	17,923	+27.5%
Iomlán na Sócmhainní	213,143	207,128	+2.9%

	2012 Uimhir	2011 Uimhir	% Athrú
Gníomhaíocht Aerthráchta			
Traseitiltí faoi Bhealach	301,293	300,408	+0.3%
Trácht Tráchtála Críochfoirt	196,566	195,905	+0.3%
North Atlantic communications	400,480	403,534	-0.8%

Fostaíocht			
Meánlón Fostaithe	679	695	-2.3%

	2012 €	2011 €	% Athrú
Táillí Custaiméirí			
Traseitilt Faoi Bhealach	30.08	33.01	-8.9%
Trácht Tráchtála Críochfoirt	160.24	202.74	-21.0%
North Atlantic Communications	45.00	44.10	+2.0%
Rialúchán Sábháilteachta	Gan athrú ar Ordú Táillí ó 2008		

Tá táille custaiméirí Faoi Bhealach an IAA ar an táille is lú san Eoraip i 2013



STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

Stiúrthóirí

Anne Nolan Uasal
Cathaoirleach
An tUas. Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach
Lorraine Burke Uasal
An tUas. Pat Dalton
An tUas. Ernie Donnelly
An Dr. Rosheen McGuckian
An tUas. Michael Norton
An tUas. Geoffrey O'Byrne-White

Rúnaí

Aideen Gahan Uasal

Iniúcháir

KPMG
Cuntasóirí Cairte
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc-Aontas Éireann, cpt.
40/41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2

Banc na hÉireann
2 Plás Burlington
Baile Átha Cliath 4

Dlíodóirí

A & L Goodbody
IFSC
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

Oifig chláraithe

The Times Building
11-12 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Teil: +353-1-671 8655
Facs: +353-1-679 2934
Láithreán Gréasáin:
www.iaa.ie

Uimhir chláraithe

211082

Bainisteoireacht shinsearach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach
Anthony Eiffe
Iniúchadh Inmheánach

Aideen Gahan
Rúnaí Cuideachta agus Dlíodóir
Philip Hughes
Tráchtáil, eicneolaíocht
agus Oiliúint

Kevin Humphreys
Rialúchán Sábháilteachta
Peter Kearney
Oibríochtaí ATM agus Straitéis

Paddy Kennedy
Gnóthaí Corparáideacha
Brendan Mulligan
Acmhainní Daonna

Freastal ar chruinnithe boird agus coiste 2012

Stiúrthóir	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe boird a bhféadfadh an stiúrthóir freastal orthu	Líon na gcruinnithe coiste ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe coiste a bhféadfadh an stiúrthóir freastal orthu
Anne Nolan Cathaoirleach	6	6	3	3
Eamonn Brennan Príomhfheidhmeannach	6	6	1	1
Lorraine Burke	6	6	3	3
Pat Dalton	6	6	6	6
Ernie Donnelly	3	3	0	0
Peter G Ledbetter	5	5	4	4
Rosheen McGuckian	6	6	4	4
Michael Norton	5	6	2	2
Geoffrey O'Byrne-White	5	6	3	3
Claire O'Donoghue	-	-	-	-



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is é sábháilteacht príomhchuspóir Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA). I 2012, rialáil an IAA an tionscal eitlíochta sibhialta in Éirinn go héifeachtúil agus, ar an 1 Eanáir 2013, ghlac sé freagracht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, as maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil eitlíochta sibhialta sa Stát.

Mar sholáthraí seirbhísí aerloingseoireachta, bliain rathúil a bhí i 2012. Bhain an IAA feidhmíocht láidir airgeadais amach agus is maith leis an mBord an íocaíocht díbhinne de €5.0 milliún lena scairshealbhóirí a mholadh, lena n-áirítear díbhinn speisialta aonuaire de €2.0 milliún. Is cuideachta thráchtála leath-Stáit fhéinmhaoinithe an IAA agus ní fhaigheann sé aon tacaíocht airgeadais ón Státchiste.

Mar gheall ar ionchas lag eacnamaíoch san Eoraip, ar ardphraghsanna ola agus ar thionscal aerlíne atá leochaileach ó thaobh airgeadais de, is dóchúil go mbeidh an bhliain 2013 ina bliain dhúshlánach. Tuarann tuarascálacha tráchta Eorpacha le déanaí laghdú ar leibhéil tráchta idirnáisiúnta. Imreoidh sé seo tionchar ar an IAA toisc go soláthraíonn sé seirbhísí aerthráchta do bhreis agus 90% de na haerárthaí go léir a thaistealaíonn ón Eoraip go Meiriceá.

Timpeallacht Oibriúcháin

Oibríonn an IAA de réir na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde mar atá fógartha ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO); ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA); ag an Aontas Eorpach (AE) ag EUROCONTROL; ag an gComhdháil um Eitlíocht Shibhialta Eorpach (ECAC).

Mar sholáthraí seirbhíse aerloingseoireachta, lean an IAA ar aghaidh lena chlár um thionscnaimh atá ceaptha le sochair airgeadais a sholáthar dár gcustaiméirí aerlíne trí choigiltí i ndó breosla agus trí astaíochtaí níos ísle CO₂. Pléitear leis na héifeachtúlachtaí oibriúcháin seo go mionsonraithe in athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

Bliain thábhachtach a bhí i 2012 do chur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SEA). Tugadh scéim feidhmíochta rialála isteach ina bhfuil spriocanna feidhmíochta ar fud an AE maidir le cumas, leis an gcomhshaol agus le héifeachtúlacht costais. Sholáthair

FAB (Bloc Aerspáis Fheidhmiúil) na hÉireann/ na Ríochta Aontaithe, an chéad FAB a bunaíodh san Eoraip, coigiltí ar fiú breis agus €70 iad do chustaiméirí aerlíne go dtí seo.

Leanfaidh an IAA ag pleanáil, agus ag bainistiú, don iliomad cuspóirí agus dúshlán atá romhainn sna blianta atá le teacht. Déanfaidh sé na nithe seo a leanas go háirithe:

- leanfaidh sé ag soláthar rialúchán sábháilteachta éifeachtach agus maoirseacht slándála do thionscal eitlíochta na hÉireann
- coimeádfaidh sé a bheith ina sholáthraí seirbhíse aerloingseoireachta atá sábháilte, éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de
- coimeádfaidh sé a bheith i mbun athrú teicneolaíochta sa tionscal eitlíochta
- forbróidh sé na deiseanna a sholáthraíonn an tAerspás Eorpach Aonair
- coimeádfaidh sé seasamh ceannaireachta na hÉireann sa tionscal eitlíochta.

Táim muiníneach go gcomhlíonfaidh an IAA na cuspóirí seo agus go leanfaidh sé air a ghairmiúlacht a léiriú sa soláthar seirbhíse aerthráchta atá sábháilte, éifeachtach ó thaobh costais de agus nuálacha.

Feidhmíocht Airgeadais

Mar atá luaite thuas, bhain an IAA feidhmíocht láidir airgeadais amach i 2012 in aghaidh dúshláin shuntasacha eacnamaíocha agus neamhchinnteacht leantach i limistéar an Euro.

Bhí méadú áirithe ar ghníomhaíocht aerthráchta de thraseiltíltí faoi bhealach agus de thrácht tráchtála críochfoirt, agus bhí laghdú ar eitiltí North Atlantic Communications ón mbliain roimhe sin. Bhí laghdú 0.3% ar thraseiltíltí faoi bhealach go pas beag níos mó ná 301,000 eitilt, bhí laghdú 0.3% ar thrácht tráchtála críochfoirt comhcheangailte ag aerfort Chorcaí, Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne go breis agus 196,500 gluaiseacht, agus bhí titim 0.8% ar thrácht North Atlantic Communications go pas beag níos mó ná 400,000 eitilt.



Anne Nolan
Cathaoirleach

B'ionann brabús oibriúcháin agus €22.9 milliún, méadú ó €17.9 milliún i 2011. Cé go raibh titim 2.2% ar láimhdeachas go €175.0 milliún, rinneadh laghdú 5.6% ar chostais oibriúcháin go €152.2 milliún. Bhí méadú 2.9% ar shócmhainní iomlána go €213.1 milliún agus bhí méadú ar chistí scairshealbhóirí go €49.8 milliún ó €24.9 milliún anuraidh. D'fheabhsaigh an dlíteanas pinsin – bunús FRS 17 – go €127.3 milliún mar gheall ar thorthaí níos fearr ná a bhíodhas ag súil leis ar shócmhainní ciste pinsin, cé go raibh laghdú ar an ráta lascaire a úsáideadh chun dlíteanais chiste pinsin a luacháil i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

Rialachas Corparáideach

Tá an IAA tiomanta do na caighdeáin is airde is féidir de rialachas corparáideach a choimeád. Déantar cur síos ar a nósanna imeachta comhlíonta i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe boird as an méid a chuireadar le hoibriú éifeachtúil an IAA i 2012. Cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Ernie Donnelly chuig an mbord ar an 24 Bealtaine 2012. I mí na Samhna 2012, chuaigh Peter G Ledbetter ar scor ón mbord. Rannchuidigh Peter go mór leis an IAA ar fud a théarma oifige. Ba mhian liom mo bhuíochas le Aileen Gahan as a seirbhís thiomanta agus ghairmiúil mar rúnaí cuideachta a chur in iúl.

Is mian liom buíochas a ghabháil freisin le hArd-Rúnaí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUas. Tom O'Mahony; agus leis an Rúnaí Cúnta, an tUas. John Fearon, i dteannta a bhfoirne, as a gcúnamh agus as a dtacaíocht i rith 2012.

Bhí feidhmíocht an IAA, agus leanann sí de bheith, an-mhórthaibhseach agus, thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom admháil a dhéanamh ar obair agus ar thiomantas na bainisteoireachta agus na foirne. Is sócmhainní tábhachtacha don IAA iad a saineolas agus a dtaithí agus is mór againn a rannchuidithe leis an rath a baineadh amach i 2012. Is mian liom admháil a dhéanamh ar an gceannaireacht spreagúil a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach, agus ball den bhord, Éamonn Brennan, agus cuid mhór éachtaí an IAA á soláthar i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUas. Leo Varadkar TD, as a thacaíocht dár gclár oibre agus dár ngníomhaíochtaí i rith na bliana.

Anne Nolan
Cathaoirleach



ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bliain an-láidir eile don IAA a bhí i 2012. Leanamar orainn ár bhfócas straitéiseach a choinneáil – comhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde, leanúint de bheith ar cheann de na soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta is éifeachtúla ó thaobh costais de agus is éifeachtúla san Eoraip, ár neamhspleáchas airgeadais a choinneáil, an teicneolaíocht bainistíochta aerthráchta (ATM) is fearr a oibriú agus leanúint de chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a fhorbairt chun na dúshláin a bhaineann leis an Aerspás Eorpach Aonair a chomhlíonadh. Bhí beagán fáis ar ghníomhaíocht tráchta i gcomparáid leis an mbliain seo caite ach, dá ainneoin sin, bhí méadú 27.5% ar bhrabús oibriúcháin an IAA ó 2011. Dá bhrí sin, is maith liom a thuairisciú gur mhol bord stiúrthóirí an IAA díbhinn de €5.0 milliún a íoc le scairshealbhóirí.

Rialúchán Sábháilteachta

Is ar bhonn idirnáisiúnta a leagann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) síos caighdeáin sábháilteachta eitlíochta; agus, i gcomhthéacs na hEorpa, is iad an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA); an tAontas Eorpach (AE); EUROCONTROL; an Chomhdháil um Eitlíocht Shibhialta Eorpach (ECAC); agus, san Atlantach Thuaidh, Grúpa Pleanála na gCóras san Atlantach Thuaidh (NAT SPG) a leagann síos iad.


Is í an Stiúrthóireacht um Rialúchán Sábháilteachta (SRD) de chuid an IAA a dhéanann maoirsiú agus rialú ar chur chun feidhme na gcaighdeán seo i dtionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann agus tá a gníomhaíochtaí faoi réir iniúchtaí neamhspleacha arna ndéanamh ag na heagraíochtaí sin faoi seach. Leanamar orainn i 2012 le hardchaighdeáin sábháilteachta a choimeád sa tionscal eitlíochta sibhialta, ag comhlíonadh caighdeáin idirnáisiúnta go hiomlán.

Tá dea-chóras tuairiscithe ina ghné thábhachtach de chultúr sábháilteachta agus taispeánann sé tiomantas do shábháilteacht in eitlíocht a fheabhsú go leanúnach trí athbhreithniú réamhghníomhach a dhéanamh ar imeachtaí agus trína chinntiú go ngníomhaítear ar ghuaiseacha sábháilteachta. I 2012, fuair an IAA breis agus 6,674 tuairisc teagmhais sábháilteachta, mar a léiríonn an graf thíos, ó eagraíochtaí eitlíochta Éireannacha, a gcuireann 96% díobh síos ar theagmhais ina raibh na bacainní sábháilteachta go léir go hiomlán éifeachtach.



Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

CINEÁL TEAGMHAIS 2012



Tá céatadán an-íseal de na teagmhais rioscúil agus déantar gníomhaíocht agus maolú orthu siúd chun atarlú a chosc. Le haghaidh sonraí iomlána a fháil, féach Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Sábháilteachta Eitlíochta 2012 ar ár láithreán Gréasáin (www.iaa.ie.)

Déanann an IAA cur chun cinn gníomhach ar chur chun feidhme córas bainistíochta sábháilteachta sna tionscail aerlíne agus chothabhála aerárthaí, ag aeradróim cheadúnaithe, agus i ndáil le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta.

Bhí 1,196 aerárthach ar chlár na n-aerárthaí ag deireadh 2012, cuimsithe de 746 aerárthach mór (méadú 34% ó 2009) agus 450 aerárthach beag; tá Deimhniú Aeroibreora Éireannach ag 14 oibreoir, agus flít iomlán de 438 aerárthach de mhéideanna éagsúla. Bhí 322 aerárthach Éireannach ar “léasanna tirime” thar lear, nó i stóras, ag deireadh na bliana. Sa bhreis air sin, formheasann an IAA áiseanna oiliúna, cothabhála, déantúsaíochta agus stórála.

D'oibrigh na cúig shealbhóir de dheimhnithe aeroibritheoirí, is iad sin Aer Arann, Aer Lingus, Air Contractors, CityJet agus Ryanair, 674,044 eitilt i 2012 agus sonraíonn sé dhá bhliain déag d'fhás comhsheasmhach.

Shann I.R. (Ionstraim Reachtuil) 551 de 2012 freagracht don IAA le déanaí as maoirseacht a dhéanamh ar shlándáil eitlíochta sibhialta sa Stát. Clúdaíonn an fhreagracht seo cigireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar aerfoirt, ar aeriompróirí, ar chuideachtaí lasta, ar sholáthraithe aerfoirt agus ar sholáthraithe seirbhísí san aistear.

Bunaíodh Comhairle na hÉireann um Shábháilteacht Eitlíochta Ginearálta (GASCI) i 2012 le tacaíocht ón IAA. Tá GASCI ina comhlacht deonaithe atá comhdhéanta d'ionadaithe ó gach cuid den phobal eitlíochta ginearálta in Éirinn. Tá ionadaí ag an IAA ar an gcomhairle freisin. Déanann GASCI sábháilteacht in eitlíocht ghinearálta a chur chun cinn agus beartaíonn sí córas deonach tuairiscithe teagmhais a bhunú don phobal eitlíochta ginearálta.

Feidhmíocht Airgeadais

In ainneoin an choir chun donais eacnamaíoch leanúnaigh, neamhchinnteachta san Eoraip agus staid leochaileach an tionscail eitlíochta, an-láidir a bhí feidhmíocht airgeadais an IAA. Bhí gníomhaíocht aerthráchta ar fud na seirbhísí go léir mar seo a leanas:

- *Bhí an líon traseitiltí faoi bhealach* - ar fud na 451,000 ciliméadar cearnach d'aerspás faoi rialú na hÉireann - cothrom le 301,293, méadú 0.3% ó 2011.
- *Bhí líon na ngluaiseachtaí críochfoirt* – an líon comhcheangailte gluaiseachtaí aerárthaí ag aerfort Chorcaí, Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne – cothrom le 196,566 gluaiseacht, arb ionann é agus méadú 0.3% ó 2011.
- *Sholáthair North Atlantic Communications* (ar a bhfreastalaíonn ionad cumarsáide Ardmhinicíochta (AM)

an IAA i mBaile Uí Gheirín) 400,480 eitilt le seirbhísí cumarsáide gutha ardmhinicíochta, laghdú 0.8% ó 2011. Tá an t-ionad freagrach as cumarsáid trí raidió fadraoin, le beagnach 1,200 eitilt thrasatlantach gach lá.

Tá nuashonruithe tráchta míosúla ar fáil ar ár láithreán Gréasáin (www.iaa.ie).

Maíonn tráchteaireacht ón gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta feabhsú ar an tionscal aerlíne toisc go mbeidh méideanna níos airde aerthaistil agus roinnt fáis ar aerlasta ina gcúis le hioncaim níos láidre. Tuairtar go saothróidh an tionscal aerlíne brabús de US\$10.6 billiún, cé go bhfanfaidh corrlaigh íseal. Tuillfidh na hiompróirí ón Eoraip agus ó Mheiriceá Thuaidh 40% den iomlán. Is scéala spreagúil é seo toisc go ngintear 75% dár n-ioncam ónár ngnó idirnáisiúnta. Mar sin féin, tá an Eoraip leochaileach i leith na géarchéime leanúnaí i limistéar an Euro agus freagraítear dó sin sna tuarascálacha tráchta le déanaí ó EUROCONTROL a thuar laghdú ar eitiltí Eorpacha i 2013 mar gheall ar laige an ionchais eacnamaíoch san Eoraip. Dearbhaíodh an treocht sin sna míonna tosaigh den bhliain seo trí leibhéil níos ísle de ghníomhaíocht tráchta faoi bhealach agus ar an Atlantach Thuaidh i gcomparáid le 2012.

Freagraíonn torthaí airgeadais an IAA don bhliain 2012 do na hiarrachtaí a rinneadh ar chostais oibriúcháin a laghdú, as ar tháinig brabús oibriúcháin de €22.9 milliún, méadú 27.5% ó 2011.

Láimhdeachas

Bhí laghdú de €175.0 milliún ar ioncam an IAA, ar laghdú ó €179 milliún é sa bhliain roimhe sin, cothrom le laghdú 2.2%. Bhí an t-ioncam ó thraseitiltí agus ó chumarsáid cothrom le 75% de láimhdeachas agus bhain sé le haerárthaí; aerárthaí nár thuirling in Éirinn den chuid is mó.

Thuill seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach (traseitiltí) €112.6 milliún nó 64.4% de láimhdeachas, agus thuill seirbhísí North Atlantic Communications €17.8 milliún, nó 10.2% de láimhdeachas.

Bhí an láimhdeachas ó sheirbhísí loingseoireachta críochfoirt, a bhí curtha ar fáil d'aerárthaí le haghaidh ascnaimh, tuirlingthe agus éirithe de thalamh ó aerfort Chorcaí, Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne, cothrom le €21.5 milliún nó 12.3% de láimhdeachas.

Bhí an láimhdeachas ó tháillí a fuarthas de thoradh feidhmeanna rialacháin sábháilteachta curtha i gcrích ag an IAA, amhail clárú agus deimhniú aerárthaí, pearsanra aerárthaí, eagraíochtaí oibrithe agus cothabhála aerárthaí, agus aeradróim cothrom le €20.0 milliún nó 11.4% de láimhdeachas.

Bhí an láimhdeachas ó tháillí a gineadh ó ghníomhaíochtaí tráchtála cothrom le €1.4 milliún, nó 0.8% de láimhdeachas.

Costais

B'ionann costais oibriúcháin agus €152.2 milliún agus 87% de láimhdeachas i 2012, i gcomparáid le 90% i 2011.

Clár Comhardaithe

Bhí laghdú 9.2% ar shócmhainní seasta inláimhsithe an IAA go €92.1 milliún. Bhí méadú 14.5% ar shócmhainní reatha ó €105.7 milliún i 2011 go €121.1 milliún i 2012, rud a léiríonn an feabhas a tháinig ar ghníomhaíocht sa tionscal eitleíochta. Tháinig méadú 2.9% ar shócmhainní iomlána go €213.1 milliún.

Tá an glandlíteanas pinsin – bunús FRS 17 – suntasach go fóill agus b'ionann é agus €127.3 milliún i 2012, feabhsú de


€5.2 milliún i gcomparáid le 2011. Freagraíonn an feabhsú i mbliana do thorthaí níos fearr ná a bhíodhas ag súil leis ar shócmhainní ciste pinsin, ranníocaíochtaí leis an gciste a rinne an fhoireann agus an chuideachta araon, fritháirithe ag an toradh a bhí ar an ráta lascaine níos ísle a úsáideadh chun dliteanais chiste pinsin a luacháil i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Tá comhaontú pinsin i bhfeidhm againn, a comhaontaíodh le hionadaithe foirne agus ar ghlac an Bord Pinsean leis, a bhfuil sé mar aidhm aige ár gciste pinsin a thabhairt chun sócmhainneachta i 2018, agus déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar shocrúithe pinsin ina dhiaidh sin. Maidir leis an gcomhaontú, a leagadh amach in athbhreithnithe roimhe seo, áirítear leis méaduithe ar ranníocaíochtaí pinsin ó fhostaithe agus ón bhfostóir agus reonna pá inphinsin/ soláthar teorannacha le pá. De bhreis air sin, tugadh scéim pinsin hibrídeach isteach d'fhostaithe nua ón 1 Eanáir 2012. Cuirtear san áireamh sa scéim seo gné shochair shainithe agus gné ranníocaíochta sainithe araon.

Ceann de na príomhchuspóirí straitéiseacha atá ag an IAA is ea seirbhís éifeachtúil ó thaobh costais de a sholáthar. I 2013, tá táille custaiméirí faoi bhealach an IAA ar an táille

EUROCONTROL Rátaí aonad faoi bhealach €

Rátaí Aonad 2013

Foinse: EUROCONTROL



is ísle i measc na Stát a ghearrann táillí EUROCONTROL, mar a léiríonn an graf thuas.

Leanfaidh an IAA air seirbhísí faoi bhealach, críochfóirt agus cumarsáide atá sábháilte agus cost-éifeachtúil a chur ar fáil ar tháillí atá is iomaíche is féidir, le linn dó a chaighdeán arda seirbhíse a choinneáil.

Bainistíocht Aerthráchta

An príomhchuspóir atá ag an stiúthóireacht Oibríochtaí, atá freagrach as seirbhísí aerloingseoireachta a chur ar fáil, is easeirbhís bainistíochta aerthráchta atá sábháilte, éifeachtúil agus iontaofa, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais a custaiméirí, a chur ar fáil ar tháille iomaíoch.

COOPANS

Príomhéascaitheoir ár straitéise Oibríochtaí is ea ár gcóras bainistíochta aerthráchta, COOPANS, is é sin an comhchóras bainistíochta aerthráchta (ATM) atá ag an Ostair, ag an gCróit, ag an Danmhairg, ag Éirinn agus ag an tSualainn. Cuireadh COOPANS chun feidhme go rathúil i ngach tír, gan an Chróit a áireamh, mar a bhfuil sé beartaithe “teacht i bhfeidhm” i 2014. Tá tuilleadh uasghráduithe ar an gcóras ATM beartaithe do mhí na Samhna i mbliana chun riachtanais an Choimisiúin Eorpaigh a chur san áireamh. Bunaíodh treochlár COOPANS um riachtanais amach anseo agus sceideal seachadta don tréimhse 2014 – 2023. Cuirtear san áireamh sa treochlár seo, a ndearna comhairleach neamhspleách meastóireacht air, na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo atá ag teastáil chun a chinntiú go leanann COOPANS air clár úsáide SESAR (Taighde ATM an Aerspáis Eorpaigh Aonair) a chomhlíonadh go hiomlán.

Straitéis Sábháilteachta Corparáidí

Formheasadh Straitéis Sábháilteachta Corparáidí 2012 – 2015. Leagtar amach inti spriocanna soiléire agus próisis shoiléire le haghaidh feabhsuithe ar shábháilteacht oibríochta sna blianta romhainn, i gcomhthéacs an IAA agus an Bhloic Aerspáis Fheidhmiúil araon.

Point Merge

Mar chuid de bharrfheabhsú aerispás na hÉireann agus a nósanna imeachta gaolmhara, d'éirigh leis an stiúthóireacht Oibríochtaí roinnt tionscnamh a chur chun feidhme i 2012, lena n-áirítear “Point Merge”, arb é atá i gceist ann ná córas le haghaidh teacht aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhainistiú. Ligeann “Point

Merge” d'aerárthaí druidim tuirlingthe leanúnaí leis an rúidbhealach a bhaint amach, rud a dhéanfaidh an gá le patrúin thraidisiúnta choinneála a laghdú, nó é a dhíbirt, agus a laghdóidh dó breosla agus astaíochtaí CO₂. Ba é aerfort Bhaile Átha Cliath an dara haerfort san Eoraip a thug “Point Merge” isteach agus ba é an córas a bhuaigh an dámhachtain “Nuálaíocht i nGníomh” le déanaí ag an Institiúid Chairte um Lóistíocht agus Iompar 2013.

Y124

Rinneadh bealach luathmhaidine nua, Y214, d'imeachtaí áirithe as Baile Átha Cliath go Londain, agus go haerfóirt Eorpacha eile, a thabhairt isteach i mí na Nollag. Dá bhrí sin, rinneadh brú tráchta in aerspás na Ríochta Aontaithe a laghdú agus sreabhadh imeachtaí luathmhaidine ó Aerfort Bhaile Átha Cliath a bharrfheabhsú.

Córas Láimhseála Teachtaireachta AFTN

I mí Mheán Fómhair, d'éirigh le háis North Atlantic Communications an IAA ag Baile Uí Gheirín bogadh go hard-Chóras Láimhseála Teachtaireachta AFTN (Líonra Teileachumarsáide Seasta Aerloingseoireachta). Is éard atá sa chóras nua ná Lasc AFTN agus Córas Láimhseála Teachtaireachta ATS (AMHS) araon. Is é seo an ceathrú huasghrádú ar Chórais AFTN i mBaile Uí Gheirín ó 1967 agus freagraíonn sé do dhul chun cinn mór ar theicneolaíocht. Is réiteach an-iontaofa cruthaithe é an córas nua a suiteáladh ag roinnt láithreacha ar fud an domhain. Tá sé seo ina chuid de straitéis leantach an IAA chun infheistíocht a dhéanamh in ardréitigh theicneolaíochta a chuidíonn le seirbhísí sábháilte, feabhsaithe agus éifeachtúla ó thaobh costais de a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Iomaíochas

Leanann an IAA air a bheith páirteach i laghdú Eorpach ar mhoilleanna ATC agus i dtáillí níos ísle faoi bhealach trí Phlean Feidhmíochta Náisiúnta an Stáit 2012 – 2014 a chur chun feidhme, ar ghlac an Coimisiún Eorpach leis i 2012.

Is láidir atá ár n-iomaíochas ag leibhéal Eorpach. Tá ár dtáillí traseitlíte ar na cinn is ísle san Eoraip i 2013. Thuairiscigh tuarascáil ACE (Éifeachtúlacht ATM ó thaobh Costais de) EUROCONTROL, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2012, go raibh ár n-éifeachtúlacht fhoriomlán geata go geata ó thaobh costais (iomlán) de cothrom le €366 san uair eitilte in aghaidh meán Eorpach €419. I 2012,

rinneamar an-dul chun cinn ar éifeachtúlachtaí costais a sholáthar dár gcustaiméirí trí laghduithe ar tháillí sna príomhréimsí seachadta seirbhísí.

Athruithe ar tháillí 2012/2013

	2012	2013
Laghdú ar ráta traseitilte	▼ 8.9%	▼ 6.3%
Laghdú ar ráta ATC aerfoirt	▼ 21.0%	▼ 4.1%
Táillí North Atlantic Communications	▲ 2.0%	Gan athrú
Táillí rialúcháin sábháilteachta	Gan athrú ó 2008	Gan athrú ó 2008

Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha

Bhí an IAA fós gníomhach i bhfóraim éagsúla idirnáisiúnta i 2012, ag cur cuid mhór leis na rialacháin a bhain leis an Aerspás Eorpach Aonair agus leis an 12ú Comhdháil Aerloingseoireachta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Leanaimid de bheith ag cur go gníomhach le cur chun feidhme Phacáiste SES II trí choistí éagsúla CANSO, EUROCONTROL agus an Choimisiúin Eorpaigh, agus leanaimid de bheith ag imirt tionchair air nuair is féidir

FAB na hÉireann/na Ríochta Aontaithe

Tháinig an tAerspás Eorpach Aonair (SES) II i bhfeidhm i 2012. Soláthraíonn tionscnamh SES an Choimisiúin Eorpaigh creat reachtaíochta maidir le riachtanais sábháilteachta, chumais agus éifeachtúlachta a chomhlíonadh ag leibhéal Eorpach. Sa chomhthéacs seo, leanann tionscnamh an Bhloic Aerspáis Fheidhmiúil (FAB) idir an IAA agus NATS sa Ríocht Aontaithe air buntáistí suntasacha a thuairisciú dár gcustaiméirí aerlíne i bhfoirm bealaí díreacha, coigiltí breosla agus astaíochtaí laghdaithe CO₂. I 2012, tugadh bainistíocht líonra isteach ar fud an Bhloic Aerspáis Fheidhmiúil, rud as ar tháinig moilleanna laghdaithe. Cuireadh ionsamhlú rathúil ar siúl chun coincheap na bainistíochta aerspáis tras-FAB a dheimhniú in earnálacha ardleibhéil áirithe.

Struchtúir Eorpacha FAB



Comhghuaillíochtaí Idirnáisiúnta

Leanamar orainn monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí SESAR trínár mballraíocht de NORACON (Cuibhreannas na hEorpa Thuaidh agus na hOstaire). Déanann ballraíocht an IAA de BOREALIS, ar comhghuaillíocht tráchtála fhoirmiúil í, a bunaíodh i mí an Mheithimh, 2012 agus ina bhfuil naoi soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta de chuid na hEorpa Thuaidh, foráil do chomhar i dtionscadail éagsúla ATM (bainistíocht aerthráchta) chun críche éifeachtúlachtaí a sholáthar, costais a ísliú agus tionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol a ísliú. I rith na bliana, comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana le NAV Portugal agus cuireadh tús le plé ar staidéar féidearthachta ina bhfiosraítear an fhéidearthacht a bhaineann le comhoibriúcháir a sholáthar atá cosúil leo siúd atá i bhfeidhm cheana le ISAVIA, is é sin, soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta na hÍoslainne.

Forbairtí Eile

Cúram Custaiméirí

Thug ár gcustaiméirí aerlíne an-tacaíocht dúinn i 2012 agus thaifead ár scoir chustaiméirí ónár Rogha 20 Custaiméir leibhéil arda sástachta lenár seirbhísí go léir.

Beartas Eitlíochta d'Éirinn

Ba mhaith leis an IAA éascú agus eagrú a dhéanamh, thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ar

Scor Rogha 20 Custaiméir 2012

	Rátáil Sástachta
Sábháilteacht	94.7%
Éifeachtacht an chostais airgeadais	87.0%
Soláthar seirbhíse	89.0%
Nuálaíocht	88.9%
Caidreamh le custaiméirí	95.0%

Chomhdháil um Beartas Eitlíochta d'Éirinn i mí na Samhna, 2012, ar ar fhreastail breis agus 400 toscaire. Leanann Éire uirthi barraíocht a bhaint amach in eitlíocht dhomhanda – is amach ó Bhaile Átha Cliath a léasaítear 25% de na haerárthaí go léir a léasaítear ar domhan; is nuálaithe aitheanta iad na hÉireannaigh – cuireadh an chéad chomhlacht mór léasaithe eitlíochta ar domhan, GPA, le chéile in Éirinn; tá Éire mar bhaile don aerárthach ísealchostais is mó san Eoraip; treoraíonn fiontraithe Éireannacha cuid de na nuálaíochtaí is mó i dteicneolaíocht, cothabháil agus maoiniú innill aerárthaigh. Ní mór d'Éirinn leas a bhaint as luach na hearnála tábhachtaí seo tuilleadh.

ISO 9001:2008

Athdheimhníodh an IAA ar chaighdeán ISO 9001:2008 le haghaidh bainistíocht cáilíochta i 2012. Choinníomar an caighdeán seo 15 bliana i ndiaidh a chéile, ó bhíomar ar cheann de na chéad soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta (ANSP) san Eoraip a ghnóthaigh deimhniú siar i 1997.

Acmhainní Daonna

Tar éis plé fairsing le hionadaithe foirne, rinneadh roinnt de bhearta srianta costais agus táirgiúlachta a chomhaontú agus a thabhairt isteach i rith na bliana. Tá dea-thorthaí á soláthar ag na bearta seo, go háirithe i réimse na pleanála daonchumhachta agus na bainistíochta párolla. Leanfaimid orainn tuilleadh coigiltí a iarraidh, agus ár ndúshlán corparáideach le fanacht cost-éifeachtúil i gcóras rialála feidhmíochta á chomhlíonadh againn.

Rinneadh clár tástála randamái drugaí agus alcóil a thabhairt isteach i rith na bliana don fhoireann ar fad. Is é an príomhchuspóir atá ag an gclár seo ná cur chun cinn a dhéanamh ar shábháilteacht, ar shláinte agus ar leas

fhostaithe an IAA agus taispeánann sé tiomantas an IAA d'fheidhmiú i gcomhréir leis na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is airde don phobal, agus don tionscal i gcoitinne.

Mar chuid dár dtiomantas do chultúr ardfeidhmíochta a chothú san IAA, tugadh córas bainistíochta feidhmíochta nua, Feidhmíocht agus Forbairt a Bhainistiú (MPD), isteach le déanaí tar éis comhairliúchán fairsing agus dea-chleachtas tionscail a chur san áireamh.

Mar chríoch, is maith liom a thuairisciú go ndearnadh roinnt tionscnaimh thábhachtacha i réimse na cumarsáide a chur chun feidhme i 2012, go háirithe suiteáil na mBord Leictreonach Fógraí i ngach láthair, agus seoladh ár n-inlín nua, “AV8”, agus an tabhairt isteach Fóram Oscailte a éascaíonn cruinnithe neamhfhoirmiúla idir baill foirne agus mo chomhghleacaithe bainisteoireachta.

Buíochas

Thar ceann na bainisteoireachta, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an obair a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi stiúir an Uasail Tom O'Mahoney, an tArd-Rúnaí; agus an Uasail John Fearon, an Rúnaí Cúnta, mar aon lena gcomhghleacaithe.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe bainisteoireachta agus leis an bhfoireann ar fad as a n-obair dhian agus bliain an-rathúil eile á soláthar acu. Chomh maith leis sin, ba mhian liom admháil a dhéanamh ar an tacaíocht, an treoir agus an spreagadh a thug ár gCathaoirleach, Anne Nolan, agus a comhghleacaithe boird do bhainisteoireacht agus d'fhoireann ar fad an IAA.

Is cuideachta shábháilte nuálach sinne atá aitheanta ag ár gcustaiméirí aerlíne a bheith freagrach dá riachtanais oibriúcháin. Tá rangú ard maoirseachta sábháilteachta agus na táillí úsáideoirí faoi bhealach is ísle san Eoraip againn agus táimid dírithe ar éifeachtúlacht costais i soláthar ár seirbhísí go léir. Táimid brabúsach, saor ó fhiachas agus neamhspleách ó thaobh airgeadais de, agus tá ceann de na córais bhainistíochta aerthráchta is forbartha ar domhan againn. Táim ag tnúth le 2013 agus an t-eolas agam go bhfuil an IAA breá-ábaltá rath a bhaint amach sa todhchaí.

Ní neart go cur le chéile agus tada gan iarracht.

Go raibh maith agaibh.

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach





RÁITIS AIRGEADAIS

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair, chomh maith le ráitis airgeadais iniúchta Údarás Eitlíochta na hÉireann (“an IAA”), don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012.

Príomhghníomhaíochtaí, torthaí airgeadais agus athbhreithniú

Tá an tÚdarás meáite ar sheirbhísí aerloingseoireachta agus rialála a sholáthar ar bhonn tráchtála, atá sábháilte, éifeachtach agus cost-éifeachtúil a chomhlíonann riachtanais a chustaiméirí.

Tá sonraí ar thorthaí airgeadais an Údaráis don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais ar leathanach 27 agus sna nótaí coibhneasacha.

Áirítear an t-eolas atá ag teastáil ó Alt 13 d’Acht na gCuideachtaí (Leasaithe), 1986, ar fhorbairt an ghnó agus imeachtaí tábhachtacha, i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Fheidhmeannaigh. Mar a thuairiscítear taobh istigh ann, bhí feidhmíocht an IAA sa bhliain reatha dearfach arís le brabús don bhliain airgeadais de €10.0 milliún ar láimhdeachas de €175.0 milliún.

I monatóireacht ar fheidhmíocht an IAA, tá féachaint ag na stiúrthóirí agus ag na bainisteoirí do raon de phríomhtháscairí feidhmíochta mar a leagadh amach i Ráiteas an Chathaoirligh, go sonrach:

Príomhtháscairí feidhmíochta	2012	2011
	Uimhir	Uimhir
Traseiltíltí faoi Bhealach	301,293	300,408
Trácht Tráchtála Críochfoirt	196,566	195,905
North Atlantic communications	400,480	403,534

Tá fíis an IAA bunaithe ar chúig eochair-réimse toraidh a threoraíonn a chuspóirí ina fheidhmíocht laethúil – is iad sin rialúcháin sábháilteachta, sábháilteacht Bainistíochta Aerthráchta (“ATM”), feabhas seirbhíse, caidreamh airgeadais agus páirtithe leasmhara. Áirítear leis na rioscaí agus neamhchinnteachtaí príomha os comhair fhorbairt an IAA sa todhchaí na nithe seo a leanas:

- mcothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sábháilteachta
- tuilleadh forbartha ar rialacháin an Bhloic Aerspáis Fheidhmiúil agus an Aerspáis Eorpaigh Aonair

- droch-choinníollacha eacnamaíocha agus margaidh
- dealú fheidhmeanna an tsoláthair seirbhíse agus an rialúcháin sábháilteachta
- lontaíbh shuntasach an IAA ar a bhonneagar TF

Tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leis an méid sin agus le rioscaí eile atá os comhair an IAA. Leagann an Ráiteas um Rialachas Corparáideach ar leathanaigh 16 go 21 amach polasaithe an IAA agus a chur chuige maidir le rioscaí agus modhanna agus dualgais a bhaineann le rialú inmheánach.

Stiúrthóirí

Chuaigh Claire O’Donoghue Uasal ar scor ón mBord ar an 9 Eanáir 2012. Ceapadh an tUas. Ernie Donnelly chuig an mbord ar an 24 Bealtaine 2012. Chuaigh an tUas. Peter G. Ledbetter ar scor ón mbord ar an 12 Samhain 2012.

Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ní raibh aon leasanna i scaireanna an IAA ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag an 31 Nollaig 2012 i dtosach na bliana, ná ag an dáta a ceapadh iad (más níos déanaí) ná ag deireadh na bliana. Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt stiúrthóirí an IAA agus bíonn siad in oifig don tréimhse a ainmníonn an tAire nuair atá siad á cheapadh ach ní tréimhse níos faide ná ceithre bliana í.

Rialachas corparáideach

Tá na stiúrthóirí tiomanta chun na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil. Comhlíonann an IAA an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus cloíonn sé, a oiread is féidir, agus ar bhonn deonach, le Cód 2010 na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach (“Cód 2010”) agus leis an larscríbhinn Éireannach um Rialachas Corparáideach (“an larscríbhinn Éireannach”).

Prionsabail de rialachas corparáideach maith

Tá na stiúrthóirí freagrach do scairshealbhóirí an IAA, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, as rialachas corparáideach maith a bheith acu. Taispeánann an tuarascáil seo conas atá na Prionsabail iomchuí de Rialachas Corparáideach Maith curtha i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, i gCód 2010 agus san larscríbhinn Éireannach.

An Bord

Tá an bord déanta suas de sheachtar stiúrthóirí neamh-feidhmiúcháin agus stiúrthóir feidhmiúcháin amháin ceaptha ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Bíonn na stiúrthóirí in oifig don tréimhse a ainmníonn an tAire nuair atá siad á cheapadh ach ní tréimhse níos faide ná ceithre bliana í. Rinne an bord breithniú ar stiúrthóirí aonair a cheapadh mar stiúrthóirí neamhspleách sinsearach ach, ag féachaint don mhodh ceapacháin stiúrthóirí, tháinig sé den tuairim nach bhfuil sé iomchuí.

Tá an bord freagrach as bainistíocht iomchuí an IAA. Déanann sé cinntí tábhachtacha straitéiseacha agus coinníonn sé rialú iomlán agus éifeachtach, le linn dó solúbthacht dhóthanach a thabhairt don phríomhfheidhmeannach agus dá fhoireann bainisteoireachta sinsearaí chun an gnó a réachtáil ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach laistigh de chreat tuairiscithe láraithe.

Tá an bord tar éis gnéithe áirithe a roghnú dá athbhreithniú, lena n-áirítear sábháilteacht, formheas na ráiteas airgeadais bliantúil, buiséid, an plean corparáideach, cuntais bhainistíochta, na conarthaí móra, caiteachas caipitil tábhachtach agus ceapacháin na bainisteoireachta sinsearaí.

Chomh luath is a cheaptar stiúrthóirí nua, glacann siad páirt i gcúrsa ionductúcháin, áit ina bhfoghlaímíonn siad faisnéis airgeadais agus eile faoin IAA, agus faoi ról an bhoird agus choistí an bhoird. Is éard atá i gceist sa phróiseas seo de ghnáth ná cruinnithe le feidhmeannaigh shinsearacha thábhachtacha. Ar fud a dtréimhse in oifig, cuirtear faisnéis rialta ar fáil do na stiúrthóirí faoi gach gné den ghnó. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir don bhord agus dá choistí ar bhonn tráthúil.

Tionóltar cruinnithe rialta an bhoird ar fud na bliana. Thionóil an bord sé chruinniú i 2012. Is mar seo a leanas atá an dóigh ar freastalaíodh ar na cruinnithe sin:

Stiúrthóir	Dáta ceaptha	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe boird a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu
Anne Nolan Cathaoirleach	13 Meitheamh 2010	6	6
Eamonn Brennan Príomhfheidhmeannach	8 Meán Fómhair 2011	6	6
Lorraine Burke	30 Samhain 2009	6	6
Pat Dalton	30 Samhain 2009	6	6
Ernie Donnelly	24 Bealtaine 2012	3	3
Peter G Ledbetter	Chuaigh sé ar scor le linn na bliana	5	5
Rosheen McGuckian	23 Meitheamh 2009	6	6
Michael Norton	6 Deireadh Fómhair 2011	5	6
Geoffrey O'Byrne-White	10 Nollaig 2010	5	6
Claire O'Donoghue	Chuaigh sé ar scor le linn na bliana	-	-

Tá rochtain ag baill an bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na cuideachta atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an bhoird agus go gcloítear le rialacha agus le rialacháin is infheidhme. Tá comhairleoirí proifisiúnta an IAA ar fáil chun comhairle a thabhairt do na stiúrthóirí más gá. Is féidir le stiúrthóirí aonair comhairle neamhspleách phroifisiúnta a fháil, más gá, ar chostas an IAA.

Stiúrann an cathaoirleach an bord maidir lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Déanann an cathaoirleach clár oibre an bhoird a chinneadh, éifeachtacht an bhoird a chinntiú, agus rannchuidiú éifeachtach gach stiúrtóra a éascú. Baintear leas as na sainscileanna, as an saineolas agus as an taithí atá ag an mbord trí na sraitheanna scileanna sin a mheaitseáil le breithniú an bhoird ar shaincheisteanna

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (ar lean)

straitéiseacha agus oibríochtúla, áit ina n-úsáideann baill aonair an bhoird a n-inniúlachtaí ar leith, agus le riachtanais gach coiste an bhoird agus le ballraíocht na gcoistí sin a chinneadh. Coinníonn an cathaoirleach agus an lucht bainistíochta cumarsáid éifeachtach leis an scairshealbhóir. Tá an ról mar chathaoirleach agus an ról mar phríomhfheidhmeannach scartha ó chéile.

Rinne an bord measúnú ar a chuid feidhmíochta le linn na bliana, agus scrúdú á dhéanamh aige ar éifeachtacht an bhoird agus ar an dóigh a raibh bainistíocht á déanamh air, agus ar fhadhbheathnaitheacht straitéiseach agus ar mhaoirseacht an bhoird. Chuir an bord measúnú ar leith ar a chuid feidhmíochta i gcrích. Sa mheasúnú sin, thomhais sé an fheidhmíocht sin in aghaidh a chuid cuspóirí straitéiseacha, rinne sé breithniú ar na héachtaí a bhí aige agus shainaithin sé aon réimsí ina bhféadfadh an bord feabhas a chur ar a chuid pleanála nó nósanna imeachta. Shainaithin sé riachtanais oiliúna freisin. Úsáideann an bord próiseas den chineál céanna chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht a chuid coistí gach bliain. Chuir an bord próiseas níos foirmiúla san áireamh do mheasúnú stiúrthóirí aonair, lena n-áirítear éascaitheoir seachtrach a cheapadh, ach, mar gheall ar an dóigh a gceaptar stiúrthóirí baineadh de tháil as nach mbeadh measúnú den sórt sin oiriúnach ag an am seo.

Tá na stiúrthóirí neamhfheidhmíocháin go léir neamhspleách ar an lucht bainistíochta. Bhí luach saothair an stiúrthóra feidhmíocháin, a bhfuil conradh seirbhíse aige, ceadaithe ag an gcoiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair. Bhí cuid den luach saothair sin bunaithe ar fheidhmíocht agus, dá bhrí sin, bhí sí bainteach le cuspóirí an IAA agus cuspóirí an duine sin. Socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe táillí na stiúrthóirí. Éilítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit an nochtadh a dhéantar sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le luach saothair agus faisnéis phinsin stiúrthóirí.

Úsáideann an bord ceithre choiste:

1. Coiste iniúchta
2. Coiste airgeadas, pleanála agus straitéise
3. Coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair
4. Coiste pleanála infheistíochta

chun cabhrú lenadhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach.

An Coiste Iniúchta

Oibríonn an coiste iniúchta faoi théarmaí tagartha

foirmiúla, a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith na bliana.

Thionóil an coiste ceithre chruinniú le linn 2012. Seo a leanas na baill den choiste agus líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Baill	Cruinnithe freastalaíodh orthu	In ann freastal orthu
Peter G Ledbetter (1)	3	3
Pat Dalton	4	4
Rosheen McGuckian (2)	4	4

(1) Bhí an tUasal Peter G Ledbetter ina Chathaoirleach suas go dtí an 12 Samhain 2012, is é sin, an dáta ar a ndeachaigh sé ar scor ón mbord

(2) Cathaoirleach Gníomhach ar an 30 Samhain 2012

Is féidir leis an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le gnóthaí an IAA, seachas ceisteanna sábháilteachta atá forchoimeáda don bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúcháir inmheánaigh, ar na beartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta, ar na himpleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra agus ar cheapadh agus ar tháillí an iniúcháir sheachtraigh.

Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an IAA agus déanann sé breithniú ar na nithe seo a leanas:

- acmhainní agus comhordú na ndaoine siúd a bhíonn páirteach sna rioscaí móra a bhíonn roimh an IAA a aithint, a mheas agus a bhainistiú
- an dóigh a ndéileáiltear leis na rioscaí móra a aithníonn an lucht bainistíochta agus daoine eile
- faireachán a dhéanamh ar thuarascálacha ón lucht bainistíochta
- timpeallacht rialaithe atá dírithe ar rioscaí a bhainistiú mar is ceart a choimeád ar bun
- nósanna imeachta bliantúla tuairiscithe.

Buaileann an t-iniúcháir seachtrach leis an gcoiste chun iniúchadh bliantúil ráitis airgeadais an IAA a phleanáil agus ansin chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta sin. Déanann an coiste iniúchta breithniú ar neamhspleáchas na n-iniúcháirí seachtracha ar bhonn bliantúil agus tá polasaí glactha aige a rialaíonn soláthar

seirbhísí neamhiniúchta a chuireann an t-iniúchóir seachtrach ar fáil. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don choiste iniúchta.

De ghnáth, bíonn an príomhfheidhmeannach, an leas-phríomhfheidhmeannach/an stiúrthóir airgeadais, ceann an iniúchta inmheánaigh, chomh maith le hionadaithe ó oibríochtaí, ó theicneolaíocht na faisnéise, ó árachas, ón athbhreithniú sláinte agus sábháilteachta agus ón lucht dlí agus a chomhlíonta, trí chuireadh de réir mar is cuí, i láthair ag na cruinnithe.

Tuairiscíonn an coiste iniúchta don bhord ar bhonn ráithiúil de ghnáth, nó ar bhonn níos minice nuair a bhíonn gá leis. Le linn 2012, rinne an coiste iniúchta athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- dréachtráitis airgeadais do 2011 sular mhol sé iad don bhord lena fhaomhadh
- tuarascáil ó na hiniúchóirí seachtracha maidir lena n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais
- clár riosca chorparáidigh 2012-2013, lena n-áirítear na príomhrioscaí roimh an ngnó agus breithniú a dhéanamh ar leorgacht an chórais aitheanta agus measúnaithe riosca
- éifeachtacht na rialuithe airgeadais, oibríúcháin agus comhlíonta agus éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca
- plean iniúchta inmheánaigh do 2012 agus tuarascálacha iniúchta inmheánaigh
- éifeachtacht na feidhme iniúchta inmheánaigh
- plean iniúchta sheachtraigh, lena n-áirítear raon an iniúchta comhlíonadh rialachais chorparáidigh
- táillí iniúchta agus táillí neamhiniúchta iníoctha leis an iniúchóir seachtrach
- a théarmaí tagartha féin.

An coiste airgeadais, pleanála agus straitéise

Oibríonn an coiste airgeadais, pleanála agus straitéise faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile uair amháin i rith na bliana. Seo a leanas na baill den choiste agus líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Baill	Cruinnithe freastalaíodh orthu	In ann freastal orthu
Anne Nolan, <i>Cathaoirleach</i>	1	1
Eamonn Brennan	1	1
Lorraine Burke	1	1
Geoffrey O'Byrne-White	1	1

Is féidir leis an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le bainistíocht airgeadais an IAA. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitil agus oibríúcháin, ar an bpolasaí ciste, agus ar shocruithe árachais, bancála agus airgeadais.

An coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair

Oibríonn an coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile ar dhá ócáid i rith na bliana. Seo a leanas na baill den choiste agus líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Baill	Cruinnithe freastalaíodh orthu	In ann freastal orthu
Anne Nolan, <i>Cathaoirleach</i>	2	2
Lorraine Burke	2	2
Geoffrey O'Byrne-White	2	2

Déanann an coiste luach saothair an lucht bainistíochta sinsir a chinneadh agus a fhaomhadh tar éis dó dul i gcomhairle le comhairleoir pá neamspleách nach raibh aon bhaint eile aige leis an IAA. Formheasann an coiste ceapacháin don lucht bainistíochta sinsir freisin. Tá sonraí ar tháillí agus ar luach saothair na stiúrthóirí leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

An coiste pleanála infheistíochta

Oibríonn an coiste pleanála infheistíochta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile ar dhá ócáid i rith na bliana. Seo a leanas na baill den choiste agus líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Baill	Cruinnithe freastalaíodh orthu	In ann freastalaíodh orthu
Pat Dalton, <i>Cathaoirleach</i>	2	2
Peter G Ledbetter	1	1
Michael Norton	2	2

Breithníonn an coiste straitéis an IAA maidir le hinfheistíocht chaipitil agus le caiteachas gaolmhar.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (ar lean)

Rialú Inmheánach

Tá freagracht deiridh ar an mbord as córas rialaithe inmheánaigh an IAA agus as faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais sin. Mar sin féin, tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun déileáil leis an riosca go dteipfidh ar an ngnó a chuspóirí a bhaint amach, seachas chun deireadh a chur leis an riosca sin, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta agus ní deimhniú leithliseach a thabhairt i leith ráiteas nó caillteanas ábhartha.

Tá próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha roimh an IAA a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Tá an próiseas seo ar aon dul le Treoir Turnbull, agus déanann an bord athbhreithniú rialta air agus bhí sé i bhfeidhm sa bhliain faoi athbhreithniú agus suas chuig dáta faofa na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Rinne an bord athbhreithniú agus nuashonrú ar an bpróiseas chun aithint agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an ngnó agus ar na polasaithe agus ar na nósanna imeachta a dhéanann bainistiú ar na rioscaí sin. Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí móra a bhaineann lena cuid den ghnó a aithint agus a mheasúnú agus as rialuithe inmheánacha cuí a cheapadh agus a fheidhmiú. Déantar measúnú ar na rioscaí sin ar bhonn rialta agus d'fhéadfadh go mbeidís bainteach le roinnt foinsí éagsúla inmheánacha nó seachtracha, agus iad seo a leanas san áireamh: cliseadh rialaithe, fadhbanna sna córais faisnéise, iomaíocht catastrófa nádúrtha agus riachtanais rialála.

Tá próiseas athbhreithnithe agus ceardlann ar rioscaí corparáideacha ar bun a chuireann cuntas freagrachta i gcáipéisí ar fáil. Tá na nósanna imeachta seo ábhartha ar fud oibríochtaí an IAA agus fágann siad gur féidir dearbhuithe leantacha a thabhairt ag leibhéil níos airde den lucht bainistíochta agus, ar deireadh, don bhord. Tá an próiseas seo á éascú ag iniúchadh inmheánach, rud a thugann méid dearbhaithe maidir le hoibríocht agus le bailíocht an chórais rialaithe inmheánaigh. Déantar faireachán neamhspleách ar aon ghníomhartha ceartaitheacha atá beartaithe ionas gur féidir iad a chur i gcrích ar bhealach tráthúil.

Tuairiscíonn an lucht bainistíochta go rialta don choiste iniúchta ar a athbhreithniú ar rioscaí móra agus ar an

dóigh a ndéileáiltear leis na rioscaí sin, toisc gurb é ról an choiste athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an bhoid, ar na príomhrioscaí, nach rioscaí sábháilteachta iad, a d'fhéadfadh tarlú sa ghnó agus ar an gcóras rialaithe atá riachtanach chun rioscaí den sórt sin a bhainistiú. Déanann an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta chun rioscaí a aithint agus ar na próisis rialaithe a chuireann an lucht bainistíochta i bhfeidhm, agus tuairiscíonn sí don choiste iniúchadh ar bhonn ráithiúil. Déanann an coiste iniúchta athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe chun a chinntiú go n-úsáidfear meascán oiriúnach de theicnící chun an leibhéal dearbhaithe a éilíonn an bord a bhaint amach. Tugann an coiste iniúchta a thorthaí don bhord ar bhonn ráithiúil nó ar bhonn níos minice nuair a bhíonn gá leis.

Tuairiscíonn an príomhfheidhmeannach don Bhord, thar ceann an lucht bainistíochta, ar aon athruithe móra sa ghnó agus sa timpeallacht a mbíonn rioscaí móra ag gabháil leo. Tugann an stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil don bhord. Nuair a aithnítear réimsí le haghaidh feabhsaithe sa chóras, breithníonn an bord na moltaí a dhéanann an lucht bainistíochta agus an coiste iniúchta.

Ina theannta sin, cuimsíonn córas rialaithe airgeadais inmheánaigh an IAA na rialuithe sin a cuireadh ar bun chun dearbhú réasúnta a thabhairt ar shócmhainní a chosaint in aghaidh úsáid nó caitheamh neamhúdairithe agus ar chuntais chuntasaíochta chearta a choimeád agus ar fhaisnéis sheasmhach airgeadais le haghaidh úsáide laistigh den ghnó nó le haghaidh foilsithe.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, a chlúdaíonn rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca. Tá creat rialaithe láidir i bhfeidhm ag an IAA, rud a chuimsíonn na nithe seo a leanas:

- cód eitice, arna fhaomhadh ag an mbord, a sholáthraíonn treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad
- struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, agus deighilt chuí dualgas agus teorainneacha údaráis ag gabháil leis
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir i leith caiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil
- córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais,

cuntasaíochta, bainistíochta ciste agus breithmheasa tionscadail

- córais chuimsitheacha bhuiséadaithe, agus buiséid bhliantúla arna bhfaomhadh ag an mbord
- faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne buiséad, agus an fheidhmíocht sin a thuairisciú don bhord ar bhonn míosúil
- feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar na príomhchórais agus na príomhrialuithe airgeadais agus ar oibríochtaí ginearálta
- coiste iniúchta a fhaomhann pleananna iniúchta, a dhéileálann le ceisteanna tábhachtacha rialaithe a ardaíonn an t-iniúchadh inmheánach nó an t-iniúchadh seachtrach, agus a mholann na ráitis airgeadais ag deireadh na bliana don bhord lena fhaomhadh
- polasaithe agus nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí amhrasta calaoiseacha a thuairisciú agus a réiteach.

Ráiteas comhlíonta

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil an IAA i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Bhí sé i gcomhréir freisin le príomhphrionsabail tacaíochta ábhartha Chód 2010 agus larscríbhinn na hÉireann le linn 2012, faoi réir an méid seo a leanas, toisc nach meastar gur gá don IAA Cód 2010 agus larscríbhinn na hÉireann a chomhlíonadh go deonach de bharr an mhodha a cheapann an IAA stiúrthóirí, de bharr a struchtúir scairsheilbhe agus de bharr nósanna imeachta reatha an bhoird:

- próisis agus nósanna imeachta chun cathaoirligh agus stiúrthóirí a cheapadh
- cúrsaí a bhaineann le stiúrthóirí neamhspleácha sinsir agus cúrsaí neamhspleáchais
- feidhmíocht na stiúrthóirí aonair a mheas
- cruinnithe ar leith de chuid bhaill neamhfheidhmiúcháin an bhoird
- cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcoiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair

Gnóthas leantach

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, creideann na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an IAA chun dul ar aghaidh don am atá le teacht agus go bhfuil sé cuí leanúint ar aghaidh le glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Íoc pras cuntas

Comhlíonann an IAA riachtanais na reachtaíochta um íoc pras cuntas. Cloíonn an IAA le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (I.R. Uimh. 388 de 2002), freisin.

Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa an IAA, mura bhfuil a mhalairt sainithe i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó dhaingniú a fháil gur glacadh le hearraí nó le seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012, rinneadh a bheag nó a mhór gach íocaíocht laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa de réir mar a iarradh. Déanann an IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú le híoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógtar le sonraisc a fhiosrú agus a réiteach. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha na rialachán.

Taifid Chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí sásta gur chomhlíon siad riachtanais alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, i leith leabhair chuntais trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil an saineolas cuí aige a agus trí dhóthain foinsí a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais an IAA ag The Times Building, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

Eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Mhol an bord íocaíocht díbhinne de €5.0 milliún (€0.28 in aghaidh na scaire), mar aon le híocaíocht díbhinne speisialta, ar bhonn aonuaire, de €2.0 milliún (€0.11 in aghaidh na scaire).

An tAcht Toghcháin, 1997

Ní dhearna an IAA aon síntiúis pholaitíochta i rith na bliana.

Iniúcháir

Fanfaidh an t-iniúcháir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig i gcomhréir le hAlt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

26 Márta 2013

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI CHÚRAIMÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an dlí agus na rialacháin is infheidhme.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi dlí sin, roghnaigh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an IAA a ullmhú i gcomhréir le Cleachtas Cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, a chuimsíonn dlí infheidhme na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn arna leasú i leith bhailiú na gcostas pinsin a chuirtear san áireamh i dtáillí seirbhíse faoi bhealach agus i dtáillí seirbhíse loingseoireachta críochfoirt, mar a mhínítear sa nóta um ‘bonn ullmhúcháin’ ar leathanach 25. Cuirtear san áireamh an muirear agus comhionannú ioncain ábhartha i leith oibleagáidí pinsin sochair shainithe ar bhonn airgid thirim, in ionad bonn costas seirbhíse, sa chuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana. Coigeartaítear é sin tríd an ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais iomlána aitheanta (STRGL). Cé go bhfuil an cur chuige sin ina imeacht ó Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 dar teideal “Sochair Scoir” (FRS 17), measann na stiúrthóirí go bhfuil sé seo riachtanach ionas go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar na torthaí don bhliain agus ar staid airgeadais an IAA amhail dáta an chláir chomhardaithe.

Éilítear, de réir an dlí, ar ráitis airgeadais an IAA léargas fíorcheart a thabhairt ar staid chúrsaí an IAA agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an IAA don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a thiomhdiú go leanfaidh an IAA ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar staid airgeadais an IAA ag am ar bith agus ina gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcomhlíonann

na ráitis airgeadais Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Tá siad freagrach freisin as aon bheart atá ar fáil go réasúnta dóibh a dhéanamh chun sócmhainní an IAA a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Tá na stiúrthóirí freagrach as caomhnú agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais a fholáitear ar shuíomh Gréasáin an IAA. D’fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

26 Márta 2013

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais (“ráitis airgeadais”) Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Ráiteas faoi na Ghnóthachain agus na Chaillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgeadais, agus nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná dlí na hÉireann agus caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfeidhmiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn).

Tá an tuarascáil seo déanta do bhaill an IAA amháin, mar chomhlacht, de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Tá ár n-obair iniúchta glactha i dtreo is go bhféadfaimis a chur in iúl do bhaill an IAA na hábhair a iarrtar orainn a shonrú dóibh i dtuarascáil an iniúchóra agus ní d'aon aidhm eile. Chomh hiomlán is atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht le haon duine seachas an IAA agus baill an IAA mar chomhlacht as ár gcuid obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá cruthaithe againn.

Cúraimí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach

Mar a mhínítear níos mine sa Ráiteas faoi Chúraimí na Stiúrthóirí ar leathanach 22, tá na stiúrthóirí freagrach as ráitis airgeadais a thugann léargas fórcheart a ullmhú. Is é ár ndualgas na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir dhlí na hÉireann agus de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Cuireann na caighdeáin sin ceanglas orainn na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchta a chomhlíonadh.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

maidir leis na méideanna agus leis an nochtadh sna ráitis airgeadais a bheidh leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a sholáthar go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha cibé acu is calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis sin measúnú ar: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na cuideachta agus cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasta agus cé acu a nochtadh nó

nár nochtadh iad go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa tuarascáil bhliantúil d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhíráitis ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim:

- go dtugtar léargas fórcheart sna ráitis airgeadais, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an IAA amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a bhrabús don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Míniú ar chostais phinsin

Mar a mhínítear sa ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta ar leathanach 25, imíonn an IAA ó chomhlíonadh iomlán riachtanais tuairiscithe Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 dar teideal “Sochair Scoir” (FRS 17). Cuirtear an táille phinsin agus an cothromú ioncaim gaolmhar do dhualgaí phinsin sochair shainithe san áireamh ar bhonn airgid thirim, seachas ar bhonn costais seirbhíse, sa chuntas brabúis agus caillteanais. Coigeartaítear é sin tríd an ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais iomlána aitheanta. Measann na stiúrthóirí go bhfuil sé seo riachtanach ionas go dtugann na ráitis airgeadais léargas fórcheart ar na torthaí don bhliain agus ar staid airgeadais an IAA ag dáta an chlár chomhardaithe. Níl ár dtuairim iniúchta cáilithe sa chaoi seo.

Ábhair a éilítear orainn a thuairisciú le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aidhmeanna ár n-iniúchta faighte againn.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH (ar lean) DO BHAILL ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN

Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais agus tá leabhair chuntais chearta coimeáda ag an IAA, inár dtuairim.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní an IAA, mar a luaitear sa chlár comhardaithe, níos mó ná leathchuid den méid scairchaipitil ghlaite agus, is é ár dtuairim, ar an mbonn sin, nach raibh stádas airgeadais ann ar an 31 Nollaig 2012 lena raibh gá le cruinniú neamhghnách an IAA a thionól, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

Cúrsaí a éilítear orainn a thuairisciú trí eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil le forálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012, lena n-éilítear orainn tuairisciú duit má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear le dlí.

Caroline Flynn

thar ceann

KPMG

Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchta Reachtúil

26 Márta 2013

1 Plás an Stócaigh, Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an IAA, seachas na costais phinsin mar a thuairiscítear sna paragraif seo a leanas.

Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus faoin dlí is infheidhme agus faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, a chuimsíonn comhlíonadh chaighdeán tuairiscithe airgeadais na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais, arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, cé is moite den imeacht ó lánchomhlíonadh Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 “Sochair Scoir” (FRS 17).

Gabháil treise ar an léargas fíorcheart

Tá Éire páirteach i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le bailiú táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach. Faoi Alt 47 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, comhlíonann an IAA an fheidhm seo ar son an Stáit. Déantar difríochtaí in ioncam agus i gcostais a thagann as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais a aisghabháil ó úsáideoirí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach nó a aisíoc le húsáideoirí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach trí na táillí a leasú i mblianta níos déanaí.

Soiléiríodh an sainmhíniú ar chostais i 2007 go sonrach chun na hiocaíochtaí airgid thirim go léir do chistí pinsin a chur san áireamh. Ní raibh daoine a bhí páirteach sa chomhaontú i dteideal ach an táillí chuntasaíochta pinsin a aisghabháil roimhe sin. Faoi fhorálacha FRS 17, níl cead ag cuideachtaí íocaíochtaí airgid thirim a ghearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais agus ní mór dóibh an táille chuntasaíochta pinsin amháin a thairgeadh, mar atá socraithe ag achtúire na scéime.

I dtreo is go gcuireann torthaí an IAA agus an clár comhardaithe léargas fíorcheart ar fáil, creideann na stiúrthóirí go bhfuil sé riachtanach imeacht ó riachtanais FRS 17 agus na ranníocaíochtaí airgid thirim go léir a rinneadh leis an gciste pinsin a chur san áireamh sna costais oibriúcháin i ngach bliain airgeadais agus chun creidmheas frithchúitimh a thairgeadh sa ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais iomlána aitheanta (STRGL) d'fhonn an t-airgead tirim a íocadh sa bhreis ar an táille phinsin a ríomhtar go hachtúireach a léiriú. Tá an IAA den tuairim go bhfuil an cur chuige seo riachtanach i dtreo is go léiríonn na ráitis airgeadais reachtúla prionsabail ghearrtha na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Eitlíocht

Shibhialta agus EUROCONTROL go cruinn agus an tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993.

Tuairiscítear tionchar an imeachta sa nóta faoi chostais phinsin thíos.

Láimhdeachas

Seasann láimhdeachas do na suimeanna a fuarthas, agus atá infhaighte, i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, in éineacht le táillí a fuarthas i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla a comhlíonadh nuair a bhíodas i mbun riachtanais rialúcháin sábháilteachta.

Ioncam faoi bhealach agus críochfoirt

Mar a shonraítear thuas, tá an IAA i dteideal na difríochtaí idir ioncam agus costais a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach a aisghabháil nuair a thagann na difríochtaí sin as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais. Déantar soláthar do na difríochtaí a thagann chun cinn sa chuntas cothromaithe ioncaim agus coigeartaítear iad i gcoinne ioncaim a thagann as gníomhaíocht faoi bhealach. Déantar ioncam ó tháillí loingseoireachta críochfoirt, a bhaineann le seirbhísí druidime, tuirlingthe agus imeachta, a chothromú ar bhealach den chineál céanna. Fabhraítear méideanna i láimhdeachas agus aithnítear iad mar nithe infhaighte nó mar nithe iniúchta sa chlár comhardaithe.

Sócmhainní inláimhsithe seasta agus dímhéas

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe seasta ag costas, lúide dímhéas carntha. Déantar dímhéas chun an costas a bhaineann le gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh a ceannaíodh mar chuid de shuiteáil, a ríomh ar bhonn líne díri thar a saol ionchais úsáideach, ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

Foirgnimh	5%
Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile	8 1/3 % – 12 1/2 %
Trealamh oifige	20% – 33 1/3 %

Déantar dímhéas ar shócmhainní ón dáta a shanntar iad le haghaidh oibre.

Déantar sócmhainní i mbun tógála/suiteálacha idir lámha a iompar ar chostas stairiúil agus ní dhéantar iad a dhímheas go dtí go gcuirtear chun feidhme iad.

Sócmhainní léasaithe

Gearrtar costas ar chíosanna léasa oibriúcháin de réir mar a fabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Airgeadraí eachtrannacha

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtrannacha go dtí euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart nó ag ráta conartha. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíocha a ainmníodh in airgeadraí eachtrannacha go dtí euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Déileáiltear leis na brabúis agus na caillteanais a leanann astu sa bhrabús don bhliain.

Cánachas

Déantar soláthar do cháin chorparáideach ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí reatha. Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a tháinig chun cinn, agus nár aisiompaíodh iad, ag dáta an chlár chomhardaithe. Déantar soláthar ag na rátaí a cheaptar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabúis inchánaithe an IAA agus a thorthaí, mar a luaitear sna ráitis airgeadais, a éiríonn ó ghnóthachain agus ó chaillteanais a chur san áireamh i mbrabúis inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar gur ní in-aisghabhála í glánsócmhainn chánach iarchurtha. Dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin nuair is féidir a mheas, ar bhonn na fianaise infhaighte ar fad, go bhfuil sé níos dóichí ná a mhalairt go mbeidh brabúis inchánaithe oiriúnacha ann ar féidir aisiompú amach anseo na ndifríochtaí bunúsacha uainithe a bhaint astu.

Costais phinsin

Cuireann an IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi cheithre scéim aoisliúntais. Tá trí cinn de na scéimeanna sin ina scéimeanna sochair shainithe, is iad sin: “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996” – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Aibreán 2008; “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008” – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta idir an 1 Aibreán 2008 agus an 31 Nollaig 2011; “Plean Hibrideach Pinsin Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012” do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh. I gcás na scéimeanna sin, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanas na scéime arna meas ag achúire, a ríomhtar trí mhodh creidmheasa aonaid réamh-mheasta a úsáid, a thuairisciú mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe, glan ar cháin iarchurtha ghaolmhar (maidir le haon sócmhainn chánach iarchurtha, sa mhéid is go bhfuil sí inaisghabhála).

Is é an méid a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ná iomlán na nithe seo a leanas:

(a) iomlán chostas na sochar pinsin a ríomhtar go hachtúireach a ghealltar d'fhostaithe i rith na bliana móide aon

fheabhsuithe sochair a bhronntar do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse reatha/caite)

(b) iomlán an toraidh mheasta ar shócmhainní na scéime pinsin le linn na bliana agus méadú ar dhliteanais na scéime de bharr leachtú an ráta lascaire – cuirtear méideanna den sórt sin san áireamh i gcostais mhaoinithe, agus

(c) iomlán na táille breise ar chostais oibriúcháin, ag léiriú na difríochtaí idir an táille phinsin a ríomhtar go hachtúireach (costas seirbhíse reatha/iarchostas seirbhíse) atá san áireamh thuas agus na híocaíochtaí iomlána airgid thirim leis an gciste pinsin sa bhliain.

Déantar aon difríochtaí idir an toradh measta ar shócmhainní agus é sin a baineadh amach iarbhir agus aon athruithe ar dhliteanais mar thoradh ar athruithe ar thóimhdí, nó toisc go raibh an taithí i rith na bliana éagsúil leis an taithí mheasta, a aithint mar ghnóthachtain agus chaillteanais achtúireacha sa ráiteas faoi na gnóthachtain agus na caillteanais iomlána aitheanta. Áirítear leis an ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais iomlána aitheanta fritháireamh arb ionann é agus an táille phinsin bhreise a thuairiscítear in alt (c) thuas a mheastar a bheith aisghafa faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar a thuairiscítear ar leathanach 25.

Mar sin, imíonn an IAA ó riachtanais FRS 17 i dtreo is go léiríonn na torthaí léargas fíorchear agus go gclóíonn siad le riachtanais na gcomhaontuithe faoina rialaítear a chuid oibriochtaí. Is é tionchar an imeachta sin ná gur méadaíodh an costas seirbhíse a ríomhadh go hachtúireach a mhéadú faoi €19,479,000 (2011: €32,797,000) d'aisghabháil faoin meicníocht chothromaithe sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012, agus chun creidmheas fritháirimh san STRGL a thaifeadadh, rud a choinníonn cúlchistí gnóthachan agus caillteanas agus glánsócmhainní an IAA i gcomhréir le riachtanais FRS 17.

Chomh maith leis sin, feidhmíonn an IAA scéim pinsin ranníocaíochta sainithe dar teideal “Plean Pinsin Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012” – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012. Is ionann an méid a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus caillteanais agus na ranníocaíochtaí is iníoctha leis an scéim i leith na bliana 2012.

Ráiteas faoin sreabhadh airgid

Is é is airgead tirim ann, i gcás an ráitis faoin sreabhadh airgid, airgead atá coimeádta ag an mbanc agus atá le fáil ar éileamh.

Is éard atá in acmhainní leachtacha ná taiscí seasta bainc a bhfuil aibíochtaí de níos mó ná lá amháin acu. Is féidir na taiscí seo a thiontú go héasca ina méideanna airgid ar eolas.

CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Láimhdeachas – gníomhaíochtaí leantacha	1	175,010	179,036
Costais oibriúcháin		(152,158)	(161,113)
Brabús oibriúcháin – gníomhaíochtaí leantacha		22,852	17,923
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	3	571	669
Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	4	(522)	(742)
Glanhostas airgeadais	5	(8,199)	(3,684)
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	6	14,702	14,166
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	(4,652)	(6,297)
Brabús don bhliain airgeadais	22	10,050	7,869

Thar ceann an bhoird

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI NA GNÓTHACHAIN AGUS NA CAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Brabús don bhliain airgeadais	22	10,050	7,869
Coigeartuithe i ndáil le scéimeanna sochair shainithe:			
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireach ar shócmhainní plean	21	27,709	(25,529)
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais na scéime	21	10,168	(9,582)
Éifeacht athruithe ar ghabhálacha achtúireach	21	(43,225)	(39,764)
		(5,348)	(74,875)
Sócmhainn chánach iarchurtha choibhneasach	14 (ii)	668	9,360
Airgead tirim ar bharrachas costais phinsin	2	19,479	32,797
Gnóthachain/(caillteanais) iomlána aitheanta don bhliain airgeadais	23	24,849	(24,849)

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Sócmhainní			
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	92,079	101,401
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	9	31,600	31,385
Airgead sa bhanc agus ar láimh		89,464	74,342
		121,064	105,727
Sócmhainní iomlána		213,143	207,128
Cothromas agus dliteanais			
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	15	22,675	22,675
Cuntas brabúis agus caillteanais	22	27,088	2,239
Cistí na scairshealbhóirí – cothromas	23	49,763	24,914
Dliteanais neamhreatha			
Creidiúnaithe: méid a bheidh dlite tar éis níos mó ná bhliain amháin	12	-	9,321
Soláthairtí do dhliteanais agus do tháillí	14	172	524
Dliteanais reatha			
Creidiúnaithe: méid a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	10	35,891	39,862
Dliteanas pinsin glan ar cháin – bunús FRS 17	21	127,317	132,507
Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána		213,143	207,128

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan

Cathaoirleach

Eamonn Brennan

Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(féach thíos)	41,715	42,421
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh airgeadais	16	(125)	(112)
Glanchánachas íoctha		(3,379)	(3,544)
Caiteachas caipitil	16	(8,089)	(6,739)
Glan-insreabhadh airgid roimh mhaoiniú		30,122	32,026
Maoiniú	16	(15,000)	-
Méadú ar airgead tirim sa bhliain	17	15,122	32,026

Réiteach brabúis oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2012 €'000	2011 €'000
Brabús oibriúcháin	22,852	17,923
Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe	16,173	24,189
Laghdú ar fhéichiúnaithe	1,063	618
Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe	1,615	(309)
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe	12	-
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	41,715	42,421

1	Láimhdeachas	2012	2011
	Gníomhaíocht	€'000	€'000
	Faoi bhealach	112,650	113,649
	Críochfort	21,469	25,245
	North Atlantic communications	17,832	17,592
	Rialúchán sábháilteachta	19,967	19,520
	Trácht aeir saor	1,713	2,001
	Tráchtáil	1,379	1,029
		175,010	179,036

Tagann láimhdeachas an IAA ag teacht go príomha ó sheirbhísí a bhaineann le heitlíocht agus ó fheidhmeanna reachtúla a sholáthraítear i bPoblacht na hÉireann.

2 Lón agus costais foirne

Is mar seo a leanas a bhí meánlón na ndaoine a bhí fostaithe ag an IAA i rith na bliana stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, anailísithe de réir catagóire:

	2012	2011
Oibríochtaí	457	477
Teicneolaíocht agus oiliúint	74	76
Rialúchán sábháilteachta	92	86
Airgeadas, acmhainní daonna, gnóthaí corparáideacha agus eile	56	56
Iomlán na bhfostaithe	679	695
Stiúrthóirí tráchta aeir faoi oiliúint	44	41
Oifigigh raidió aerloingseoireachta faoi oiliúint	-	2

2 Líon agus costais foirne (ar lean)

	2012	2011
	€'000	€'000
Is mar seo a leanas a bhí costais phárolla chomhiomlána na ndaoine sin:		
Pá agus tuarastail	64,036	65,620
Costais leasa shóisialaigh	4,274	4,065
Costais phinsin - costas seirbhíse reatha (nóta 21)	6,099	3,557
Costais phinsin - costas seirbhíse roimhe (nóta 21)	(2,190)	(1,736)
Costais phinsin – sochar sainithe	6	-
Costais phinsin - costas airgid breise †	19,479	22,761
	91,704	94,267

† Costais Phinsin – i 2011, bhí an costas airgid breise glan ar méid €10,036,224 a bhain le pinsin, rud a fabhraíodh i 2010 agus a íocadh leis an gciste pinsin i 2011. B'ionann na costais airgid bhreise iomlána atá taifeadta sa ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais iomlána aitheanta agus €32,797,032 i 2011.

Cuireadh san áireamh stiúrthóirí tráchta aeir faoi oiliúint sna costais phárolla thuas agus fághtar amach stiúrthóirí neamhfheidmhiúcháin.

3 Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil

	2012	2011
	€'000	€'000
Ús bainc	429	540
Ús eile	142	129
	571	669

4 Ús iníoctha agus táillí comhchosúla

	2012	2011
	€'000	€'000
Ar iasachtaí bainc agus ar rótharraingtí	522	742
	522	742

5	Glanchostas airgeadais	2012	2011
		€'000	€'000
	Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean (nóta 21)	15,268	17,688
	Ús ar dhliteanais an phlean (nóta 21)	(23,467)	(21,372)
		(8,199)	(3,684)

6	Faisnéis reachtúil agus eile	2012	2011
		€'000	€'000
	Luach saothair na stiúrthóirí		
	Táillí díolta le stiúrthóirí		
	Anne Nolan Uas. (Cathaoirleach)	22	22
	An tUas. Eamonn Brennan (Príomhfheidhmeannach)	-	10
	Lorraine Burke Uas	13	13
	An tUas. Pat Dalton	13	13
	An tUas. Ernie Donnelly	-	-
	An tUas. Peter G Ledbetter	11	13
	An Dr Rosheen McGuckian	13	13
	An tUas. Michael Norton	13	3
	An tUas. Geoffrey O'Byrne-White	13	13
	Claire O'Donoghue Uas	-	13
		98	113

Ar an gcomhiomlán, aisíocadh costais de €3,526 san iomlán le stiúrthóirí le linn 2012 (2011: €4,832).

6	Faisnéis reachtúil agus eile (ar lean)	2012 €'000	2011 €'000
	Ranníocaíochtaí pinsin agus luacha saothair a bhaineann le conradh fostaíochta an phríomhfheidhmeannaigh		
	- tuarastal bunúsach bliantúil	232	232
	- luach saothair a bhaineann le feidhmíocht sa bhliain roimhe	-	-
	- sochair inchánaithe eile	46	46
	- ranníocaíochtaí pinsin	79	79
		357	357

Cosúil le baill foirne eile, is ball den scéim aoisliúntais sochair shainithe dar teideal “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996” é an príomhfheidhmeannach. Tharscaoil an príomhfheidhmeannach 10% dá thuarastal oifigiúil go deonach gach bliain idir 2009 go 2012. Tá scéim pá a bhaineann le feidhmíocht arna faomhadh ag an Roinn Airgeadais i bhfeidhm ag an IAA do gach príomhfheidhmeannach de chuid comhlachtaí tráchtála stat-tionscanta, rud a dhéanann soláthar do ghné pá fhadtéarmach agus ghearrthéarmach a bhaineann le feidhmíocht bunaithe ar chuspóirí réamh-chomhaontaithe. Níor íocadh aon phá a bhain le feidhmíocht leis an bpríomhfheidhmeannach i 2010, i 2011 ná i 2012.

	2012 €'000	2011 €'000
Luach saothair na n-iniúcháirí (costais san áireamh)		
- iniúchadh	50	50
- árachas eile	19	22
- seirbhísí comhairleacha cánach	8	10
- neamhiniúchadh eile	3	28
Dímheas	16,173	24,189
Táillí Met Éireann	8,176	7,687
Cíosanna iníochta faoi léasanna oibriúcháin - foirgnimh	4,609	2,527
Cíosanna iníochta faoi léasanna oibriúcháin - eile	119	135

7	Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	2012	2011
		€'000	€'000
	Cánachas corparáide	3,594	1,979
	(Sochar)/táille cánach iarchurtha (nóta 14):		
	- Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe eile	(352)	679
	- Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe pinsin ar déileáladh leo sa chuntas brabúis agus caillteanais	1,410	3,639
		4,652	6,297
Réiteach cánach reatha			
	Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	14,702	14,166
	Cáin reatha ionchais ag 12.5% (2011: 12.5%)	1,838	1,771
	Éifeachtaí na nithe seo a leanas:		
	Costais nach féidir a bhaint chun críocha cánach	358	73
	Dímheas os cionn liúntais chaipitil	195	793
	Ioncam neamhchánach ag an ráta caighdeánach	171	136
	Costais Airgeadais bharúlacha ar phinsean	1,025	461
	Difríochtaí uainithe eile	7	(1,255)
	Táille chánach reatha iomlán	3,594	1,979

8 Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Foirgnimh €'000	Suiteálacha agus oibreacha críochnaithe eile €'000	Suiteálacha ar siúl €'000	Trealamh oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
Ag tús na bliana	30,464	156,292	3,095	6,733	196,584
Breiseanna sa bhliain	-	156	6,199	508	6,863
Tugtha isteach in úsáid sa bhliain	-	2,576	(2,719)	143	-
Diúscairtí sa bhliain	-	(29,257)	-	(956)	(30,213)
Ag deireadh na bliana	30,464	129,767	6,575	6,428	173,234
Dímheas carnta					
Ag tús na bliana	11,656	79,166	-	4,361	95,183
Táille sa bhliain	1,522	13,640	-	1,011	16,173
Diúscairtí sa bhliain	-	(29,245)	-	(956)	(30,201)
Ag deireadh na bliana	13,178	63,561	-	4,416	81,155
Amhail an 31 Nollaig 2012	17,286	66,206	6,575	2,012	92,079
Amhail an 31 Nollaig 2011	18,808	77,126	3,095	2,372	101,401

9 Féichiúnaithe

	2012 €'000	2011 €'000
Féichiúnaithe trádála	25,537	27,466
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	5,010	3,543
Féichiúnaithe eile	274	320
Cáin bhreisluacha	81	56
Cothromú ioncaim dlite tar éis bliain amháin – ioncam críochoirt	698	-
	31,600	31,385

10	Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	2012	2011
		€'000	€'000
	Creidiúnaithe trádála	1,153	735
	Creidiúnaithe eile, cáin agus leas sóisialach san áireamh (nóta 11)	2,088	2,752
	Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	21,798	16,594
	Cothromú ioncaim - faoi bhealach	10,852	4,781
	Iasachtaí bainc (nóta 13)	-	15,000
		35,891	39,862
11	Cánachas agus leas sóisialach curtha san áireamh i gcreidiúnaithe eile	2012	2011
		€'000	€'000
	Cáin chorparáide	244	29
	ÍMAT/ÁSPC	1,844	2,723
		2,088	2,752
12	Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	2012	2011
		€'000	€'000
	Cothromú ioncaim - faoi bhealach	-	9,321
		-	9,321
13	Iasachtaí bainc	2012	2011
		€'000	€'000
	Laistigh de bhliain amháin	-	15,000

14	Dlíteanas cánach iarchurtha	Tag	2012	2011
			€'000	€'000
	Cánachas iarchurtha – seachas é sin a bhí bainteach le pinsean	(i)	172	524
	Cánachas iarchurtha – bainteach le pinsean	(ii)	(18,188)	(18,930)
			(18,016)	(18,406)
	Lúide cánachas iarchurtha atá san áireamh i ndlíteanas pinsin		18,188	18,930
			172	524
(i)	Cánachas iarchurtha – seachas é sin a bhí bainteach le pinsean			
	Ag tús na bliana		524	(155)
	Curtha chun sochair an chuntais bhrabúis agus caillteanais/(gearrtha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais) (nóta 7)		(352)	679
	Ag deireadh na bliana		172	524
	Is ionann an soláthar ag deireadh na bliana agus an dlíteanas iomlán féideartha agus eascraíonn sé ó dhifríochtaí uainithe idir liúntais chaipitil agus dímhéas agus ó fhabhrúithe ginearálta.			
(ii)	Cánachas iarchurtha – bainteach le pinsean		2012	2011
			€'000	€'000
	Ag tús na bliana		(18,930)	(13,209)
	Athruithe ar ghabhálacha achtúireacha		(668)	(9,360)
	Gearrtha ar chuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7)		1,410	3,639
	Ag deireadh na bliana		(18,188)	(18,930)
15	Scairchaipiteal glaoite – cothroma		2012	2011
			€'000	€'000
	(Údaraithe, leagtha amach, glaoite agus íoctha go hiomlán) 17,858,000 gnáthscair ag €1.27 an ceann		22,675	22,675

16	Ollsreafaí airgid	2012	2011
		€'000	€'000
	Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh airgeadais		
	Ús íoctha	(625)	(689)
	Ús faighte	500	577
		(125)	(112)
	Caiteachas caipitil	2012	2011
		€'000	€'000
	Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(8,089)	(6,739)
		(8,089)	(6,739)
	Maoiniú	2012	2011
		€'000	€'000
	Aisiocaíochtaí iasachtaí bainc	(15,000)	-
		(15,000)	-
17	Réiteach glansreafa airgid thirim le gluaiseacht sna glanchistí	2012	2011
		€'000	€'000
	Méadú in airgead tirim sa bhliain	15,122	32,026
	Aisiocaíocht fiachais	15,000	-
	Gluaiseacht i nglanfhiachas sa bhliain	30,122	32,026
	Glanclistí ag tús na bliana	59,342	27,316
	Glanclistí ag deireadh na bliana	89,464	59,342

17 Réiteach glansreafa airgid thirim le gluaiseacht sna glanchistí (ar lean)

Anailís ar ghlan-chistí	Ag an 1 Eanáir 2012 €'000	Sreabhadh Airgid €'000	Ag an 31 Nollaig 2012 €'000
Airgead sa bhanc agus ar láimh	74,342	15,122	89,464
lasachtaí bainc dlíthe laistigh de bhliain amháin	(15,000)	15,000	-
Glan-chistí	59,342	30,122	89,464
Réiteach leis an gclár comhardaithe			
Airgead sa bhanc agus ar láimhd	74,342		89,464
lasachtaí bainc dlíthe laistigh de bhliain amháin	(15,000)		-
	59,342		89,464

18 Páirtithe Gaolmhara

Cosúil le mórán comhlachtaí rialtais eile, déileálann an IAA le comhlachtaí agus ranna rialtais eile sa ghnáthchúrsa gnó, amhail Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt, Bord Soláthair an Leictreachais ("BSL"), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Met Éireann. Ina theannta sin, sa ghnáthchúrsa gnó, bíonn bearta ar bun ag an IAA le bainc Éireannacha ar leith atá faoi úinéireacht iomlán nó faoi pháirtúinéireacht Stát na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar gach ceann de bhearta an IAA le bainc den sórt sin.

Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an páirtí rialaithe deiridh.

19 Gealltanais

(i) Gealltanais chaipitil

Caiteachas caipitil amach anseo atá ceadaithe ag na stiúrthóirí

Gan chonradh

Faoi chonradh

2012 €'000	2011 €'000
41,394	49,771
7,254	2,682
48,648	52,453

19 Gealltanais (ar lean)

(ii) Gealltanais léasa oibriúcháin

	2012		2011	
	Foirgnimh €'000	Mótar- fheithiclí €'000	Foirgnimh €'000	Mótar- fheithiclí €'000
Ag dul in éag:				
Laistigh de bhliain amháin	-	22	-	24
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	-	17	-	81
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	98	62	98	42
Níos mó ná cúig bliana	3,268	-	4,041	-
	3,366	101	4,139	147

20 Dlíteanais theagmhasacha

Tá éileamh gan íoc amháin a bhaineann le pá comhionann, a tionscnaíodh i 1998, ag an IAA ó cheardchumann atá ag feidhmiú ar son baill foirne cléireachais. Tá an t-éileamh seo á bhreathnú ag an gCúirt Oibreachais agus tá an IAA ag cur ina choinne go tréan. Ní féidir cinneadh réasúnta deimhneach a dhéanamh maidir le toradh an phróisis seo agus, dá réir sin, ní féidir toradh an éilimh a mheas. Níl foráil déanta sna ráitis airgeadais i leith an éilimh seo.

21 Faisnéis phinsin

Maoinítear pinsin do gach fostaí buan, ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Eanáir 2012, trí dhá scéim pinsin sochair shainithe agus dílsítear na sócmhainní carntha d'iontaobhaithe neamhspleácha.

Déanann an IAA luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsin sochair shainithe gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luachála achtúirí deiridh ná an 1 Eanáir 2012 agus clúdaíonn sé sin gach sochar fabhráithe. Rinne achtúirí cáilithe neamhspleácha an luacháil seo.

Bunaíodh na luachálacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 17 ar na luachálacha maoinithe is déanaí do gach scéim agus iad athraithe ag na hachtúirí neamhspleácha chun ligean d'fhabhrú dliteanas go dtí an 31 Nollaig 2012 agus chun coinníollacha airgeadais ar an dáta seo a chur san áireamh. Críochnaíodh na luachálacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 17 trí mhodh an aonaid réamhaithriste a úsáid, agus rinneadh luacháil ar shócmhainní don chuspóir seo ar luach margaidh.

Níl na tuarascálacha achtúireacha, atá ar fáil do bhaill na scéimeanna, ar fáil do scrúdú poiblí.

Níl aon scéimeanna neamh-mhaoinithe ag an IAA. Níl aon ranníocaíochtaí gan íoc nó réamhíochta ag deireadh na bliana.

21 Faisnéis phinsin (ar lean)

(i) Príomhthoimhdí achtúireacha

	2012 Aonad réamhmheasta	2011 Aonad réamhmheasta
Meántoimhdí ualaithe chun oibleagáidí sochair a dhearbhu		
Ráta toraidh ionchais ar shócmhainní an phlean *	4.60%	4.89%
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean ag tús na tréimhse *	4.89%	5.86%
Ráta lascaine	4.20%	5.10%
Ráta an mhéadaithe cúitimh (foirne/foirne sinsearaí) †	1.85%	3.00%
Ráta an bhoilscithe praghsanna	1.85%	2.00%
Ráta an mhéadaithe pinsin	1.85%	2.00%

* Laghdaíodh an ráta toraidh ionchais ar shócmhainní do 2012 agus do 2013 faoi 0.6% chun an tobhach pinsin a íocadh i 2012 agus a bheidh iníoctha i 2013 a léiriú.

† Is ionann é seo agus an toimhde fhadtéarmach is infheidhme ó 2015 ar aghaidh.

Athrú i meastachán cuntasaíochta

I rith na bliana, rinne an IAA, le hionchur ó chomhairleoirí achtúireacha, athrú ar a mheastachán ar an ráta lascaine a úsáidtear chun na dlíteanais sochair shainithe a ríomh. Áiríodh leis an athrú sin leathnú suntasach na sonraí bannaí atá sa daonra óna ndíorthaítear an ráta lascaine, chomh maith le hathrú ar an gcur chuige a úsáidtear chun na sonraí bannaí atá ar fáil a mheas maidir le ré na n-oibleagáidí scéime pinsin.

Mar gheall ar an modheolaíocht athraithe ar glacadh léi, laghdaigh an ráta lascaine, a bheadh díorthaithe mar 4.4%, go dtí 4.2%. Is é an éifeacht a bhí ag an athrú sin ag dáta an chláir chomhardaithe ná luach reatha dhlíteanais na scéime a mhéadú ó €486.0 milliún go €506.4 milliún, bunaithe ar an ráta lascaine 4.2% ar glacadh leis.

Tá na toimhdí a bhaineann le fad na mbundlíteanas pinsin tráth dháta an chláir chomhardaithe bunaithe ar na táblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúireachta agus áirítear iontu líúntas le haghaidh feabhsuithe amach anseo ar fhad. Is ionann na toimhdí agus a bheith ag súil go mairfeadh duine atá 65 bliain d'aois roinnt blianta, mar seo a leanas.

	2012	2011
Ionchas saoil do bhall fireann ó 65 d'aois ar thábla mortlaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:		
Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha	25.6	26.2
Baill phinsinéara reatha	22.4	23.0
Ionchas saoil do bhall baineann ó 65 d'aois ar thábla mortlaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:		
Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha	26.6	27.2
Baill phinsinéara reatha	23.9	24.5

Roghnaítear na toimhdí arna n-úsáid ag an achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha. De bharr an scála ama chlúdaithe, is féidir nár cruthaíodh iad i gcleachtas.

21 Faisnéis phinsin (ar lean)

(ii) Méideanna atá aitheanta sa chlár comhardaithe

	2012	2011
	€'000	€'000
Luach reatha na n-oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt	(506,391)	(457,969)
Luach cóir shócmhainní an phlean	360,886	306,532
Easnamh	(145,505)	(151,437)
Sócmhainn cánach iarchurtha ghaolmhar	18,188	18,930
Glandliteanas	(127,317)	(132,507)

(iii) Gluaiseachtaí i luach cóir shócmhainní an phlean

	2012	2011
	€'000	€'000
Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana	306,532	289,303
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	15,268	17,688
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní an phlean	27,709	(25,529)
Ranníocaíochtaí fostóirí	23,338	34,618
Ranníocaíochtaí ball	3,912	4,049
Sochair íoctha ón bplean	(15,873)	(13,597)
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	360,886	306,532

(iv) Gluaiseachtaí i luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2012	2011
	€'000	€'000
Oibleagáid sochair ag tús na bliana	(457,969)	(394,978)
Costas seirbhíse reatha	(6,049)	(3,557)
Iarchostas seirbhíse	2,190	1,736
Ús ar dhlíteanais an phlean	(23,467)	(21,372)
Ranníocaíochtaí ball	(3,912)	(4,049)
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhlíteanais	10,168	(9,582)
Caillteanais de bharr athruithe toimhdí achtúireacha	(43,225)	(39,764)
Sochair íoctha ón bplean	15,873	13,597
Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana	(506,391)	(457,969)

21 Faisnéis phinsin (ar lean)

(v) Comhpháirteanna de chostas pinsin

	2012 €'000	2011 €'000
Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais		
Costas seirbhíse reatha	(6,049)	(3,557)
Iarchostas seirbhíse	2,190	1,736
Costas airgid thirim breise	(19,479)	(32,797)
Ús ar dhliteanais an phlean (nóta 5)	(23,467)	(21,372)
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean (nóta 5)	15,268	17,688
Costas pinsin iomlán atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais	(31,537)	(38,302)
Anailís ar na méideanna atá aitheanta sa ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais iomlána aitheanta		
Caillteanais achtúireacha aitheanta reatha	(5,348)	(74,875)
Méid carntha na gcaillteanas achtúireach aitheanta reatha	(167,610)	(162,262)

(vi) Sócmhainní an Phlean

Leithdháileadh sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012:

	2012 Céatadán de shócmhainní an phlean	2012 Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	2011 Céatadán de shócmhainní an phlean	2011 Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean
Urrúis chothromais	57.6%	6.7%	55.3%	7.1%
Urrúis bhanna	37.9%	3.0%	37.1%	3.1%
Maoín	–	–	3.1%	6.1%
Airgead tirim agus eile	4.5%	4.5%	4.5%	4.6%
	100.0%	4.60%	100.0%	4.89%

Cur síos ar an mbonn chun ráta iomlán toraidh ionchais ar shócmhainní:

Chun forbairt a dhéanamh ar an ráta fadtéarmach toraidh ionchais ar thoimhde sócmhainní, bhreithnigh an IAA leibhéal reatha na dtorthaí ionchais ar infheistíochtaí atá saor ó riosca (bannaí rialtais, go príomha), leibhéal stairiúil an bhisigh riosca a bhaineann leis na haicmí eile sócmhainní ina bhfuil an phunann infheistithe agus na hionchais maidir le torthaí ionchais gach aicme sócmhainní amach anseo. Rinneadh toradh ionchais gach aicme sócmhainní a ualú ina dhiaidh sin, bunaithe ar leithdháileadh sócmhainní na scéime, d'fhoill forbairt a dhéanamh ar an ráta toraidh ionchais fadtéarmach ar thoimhde sócmhainní don phunann. Laghdaíodh an toradh ina dhiaidh sin faoi 0.6% chun an tobhach pinsin is iníoctha i 2013 a léiriú, rud a thug glantoradh ionchais de 4.6%.

	2012 €'000	2011 €'000
Toradh iarbhir ar shócmhainní		
Toradh iarbhir ar shócmhainní an phlean	42,977	(7,841)

21 Faisnéis phinsin (ar lean)

(vii) Stair na gcoigeartuithe ó thaithí	2012 €'000	2011 €'000	2010 €'000	2009 €'000	2008 €'000
Luach reatha dhliteanais na scéime	(506,391)	(457,969)	(394,978)	(396,933)	(380,809)
Luach cóir shócmhainní na scéime	360,886	306,532	289,303	255,711	213,311
Easnamh	(145,505)	(151,437)	(105,675)	(141,222)	(167,498)
Coigeartuithe ó thaithí	2012 €'000	2011 €'000	2010 €'000	2009 €'000	2008 €'000
Coigeartuithe ó thaithí ar shócmhainní na scéime: Méid	27,709	(25,529)	11,936	21,919	(140,791)
Céatadán de shócmhainní an phlean	7.7%	8.3%	4.1%	8.6%	66.0%
Coigeartuithe ó thaithí ar dhliteanais na scéime: Méid	10,168	(9,582)	(1,239)	10,957	5,371
Céatadán de dhliteanais an phlean	2.0%	2.1%	0.3%	2.8%	1.4%

(viii) Méideanna eile nach mór a nochtadh	2012 €'000	2011 €'000
Ranníocaíochtaí atáthar ag súil le bheith déanta ag an IAA leis an bplean le linn na tréimhse bliantúla tar éis dháta an chláir chomhardaithe	22,600	23,244

Bunaíodh 'Plean Hibrideach Pinsin Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012' ar an 1 Eanáir 2012. Maoínítear pinsin do gach fostaí buan, ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh, trí scéim pinsin sochair shainithe agus dílsítear na sócmhainní carntha d'iontaobhaithe neamhspleácha.

Ní raibh aon ranníocaíochtaí gan íoc nó réamhíochta ag deireadh na bliana.

(i) Méideanna atá aitheanta sa chlár comhardaithe	2012 €'000
Luach reatha na n-oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt	(88)
Luach cóir shócmhainní an phlean	88
Barrachas/(easnamh)	-
(ii) Gluaiseachtaí i luach cóir shócmhainní an phlean	2012 €'000
Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana	-
Ranníocaíochtaí fostóirí	50
Ranníocaíochtaí ball	38
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	88

21 Faisnéis phinsin (ar lean)

(iii) Gluaiseachtaí i luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe

Oibleagáid sochair ag tús na bliana
Costais seirbhíse reatha
Ranníocaíochtaí ball

2012
€'000

-
(50)
(38)

Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana

(88)

(iv) Comhpháirteanna de chostais phinsin

Costas atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais
Costas seirbhíse reatha

2012
€'000

(50)

(v) Sócmhainní an phlean

Na leithdháiltí sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012

2012
Céatadán de
shócmhainní
an phlean

2012
Toradh ionchais
ar shócmhainní
an phlean

Airgead Tirim

100.0%

2.0%

(vi) Stair na gcoigeartuithe ó thaithí

Luach reatha dhliteanais na scéime
Luach cóir shócmhainní na scéime

2012
€'000

(88)
88


Barrachas/(easnamh)

-


Feidhmíonn an IAA scéim pinsin ranníocaíochta sainithe dar teideal 'Plean Pinsin Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann', rud a bunaíodh ar an 1 Eanáir 2012, do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón dáta sin ar aghaidh. Is ionann an táille pinsin don tréimhse agus ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag an IAA leis an scéim agus b'ionann an táille sin agus €6,067.

22	Réiteach gluaiseachta sa chuntas brabúis agus caillteanais	2012 €'000	2011 €'000
	Cuntas brabúis agus caillteanais ag tús na bliana	2,239	27,088
	Brabús don bhliain airgeadais	10,050	7,869
	Gnóthachain agus caillteanais aitheanta eile	14,799	(32,718)
	Cuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana	27,088	2,239
23	Réiteach gluaiseachtaí i gcistí scairshealbhóirí	2012 €'000	2011 €'000
	Cistí scairshealbhóirí ag tús na bliana	24,914	49,763
	Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána don bhliain airgeadais	24,849	(24,849)
	Cistí scairshealbhóirí ag deireadh na bliana	49,763	24,914
24	Formheas na Ráiteas Airgeadais		
	Bhí na ráitis airgeadais formheasta ag na stiúrthóirí ar an 26 Márta 2013.		


Láimhdeachas €'000




Brabús €'000




Sócmhainní iomlána €'000




Iomlán na nAonad Seirbhíse faoi Bhealach ('000)




Ráta aonaid Seirbhíse faoi Bhealach € (Nollaig)




Aonaid Seirbhíse Críochoirt




Ráta Aonaid Seirbhíse Críochoirt € (Nollaig)




Gníomhaíocht Aerthrácht



Ceadúnais Bhailí



Aerárthaí Cláraithe





Údarás Eitlíochta na hÉireann

The Times Building

11-12 Sráid D'Olier

Baile Átha Cliath 2

Teil: +353-1-671 8655

Facs: +353-1-679 2934

www.iaa.ie